

táimid ann

Clár na nÁbhar

Bord Stiúrthóirí	6
Athbhreithniú an Chathaoirligh	10
Athbhreithniú ar Oibríochtaí	18
Foireann Bainistíochta Feidhmeannaí	28
Tuarascáil na Stiúrthóirí	32
Tuarascáil na nIniúcháirí	40
Cuntais	44
Torthaí Comparáideacha agus Graif	64
Gailearaí Eachtraí	66
Ócáid 50 Bliain Vhi um Chúram Sláinte	68
Sonraí Cuideachtaí	70

Ceiliúrann Vhi um Chúram Sláinte
an t-iliomad clocha míle i saol ár
mball. Le caoga bliain, táimid ann
nuair atáimid ag teastáil uait.

1957_go_2007



1957

1961

1970

1981

Rugadh Peadar in 1957.



1986

1990

2007

Rugadh Peadar in 1957 agus tá clúdach ospidéil curtha ar fáil ag Vhi um Chúram Sláinte do Pheadar agus dá thuismitheoirí ó shin. Mar atá amhlaidh le Peadar agus a chlann, tá a fhios ag Vhi um Chúram Sláinte go dtagann athrú nádúrtha ar do shláinte agus ar do riachtanais sláinte de réir mar a athraíonn do shaol. Mar gheall air seo, tairgimid raon pleananna árachais sláinte atá deartha go sonrach chun do riachtanais a chomhlíonadh, cosúil le:

Pleananna Ospidéil: Tá Pleananna A-E agus Pleananna A-E le Roghanna deartha chun clúdach ospidéil den scoth a sholáthar duit. Tá raon leathan pleananna againn, rud a chiallaíonn go bhfulimid in ann an plean ceart a aimsiú duit. Tairgeann gach Plean Ospidéil de chuid Vhi um Chúram Sláinte buntáistí den scoth lena n-áirítear rochtain ar os cionn 1,800 Comhairleoir, socruithe d'íocaíochtaí díreacha sa chuid is mó d'ospidéil, cúram nuair atá tú thar lear i bhfoirm Vhi Assist, clúdach máithreachais den scoth agus i bhfad, i bhfad níos mó ná sin!

Bord Stiúrthóirí



1. Bernard Collins

Cathaoirleach

Tá Bernard Collins ina Phríomhoifigeach Feidhmeannach ar Lifemed Consulting Limited. Tá BA Onóracha i Síceolaíocht Thionsclaíoch Fheidhmeach/Ghnó ó Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, Éire faighte aige. Tá sé ar bhord go leor comhlachtaí eile in Éirinn agus i Meiriceá. D'oibrigh sé ar feadh 10 mbliana mar Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta ag Boston Scientific Corporation go dtí 2003.*

2. Vincent Sheridan

Bcomm, FCA, Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Vincent Sheridan le Vhi um Chúram Sláinte in Aibreán 2001, agus 28 bliain de thaithí sa tionscal árachais aige. Is Stiúrthóir é ar FBD Holdings Plc agus bhí sé ina stiúrthóir ar Stocmhalartán na hÉireann ar feadh naoi mbliana go dtí Meitheamh 2004. Faoi láthair tá sé ina Uachtarán ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá sé ina chomhalta de chomhairle na Cónaidhme Idirnáisiúnta de Phleananna Sláinte agus den Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

3. Pat Farrell

MMII

Comhalta, Institiúid na mBaincírí; Príomhfheidhmeannach, Cónaidhm Bhaincírí na hÉireann, Ball, Comhairle Fheidhmiúcháin, Cónaidhm Baincíreachta na hEorpa; Ball, Fóram um Rialú Gnó; Ball, Tionscal Comhairleach na Seirbhísí Airgeadais, Ball den Phainéal, Grúpa Ionaid Imréitigh an IFSC; Stiúrthóir, Bord na gCuntas Díomhaoin.

4. Gillian Bowler

FMII FMGT

Cathaoirleach, Budget Travel Ltd., Cathaoirleach, Fáilte Ireland, Cathaoirleach, Irish Life & Permanent, Plc., Stiúrthóir Neamh-fheidhmeannach, Grafton Group, Stiúrthóir Neamh-fheidhmeannach, Clear Channel Ireland Ltd., Comhalta Boird, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, UCD.*

5. Humphrey Murphy

Stiúrthóir Bainistíochta, Global Stainless Ltd., Ball den Chomhlacht Rialála, Ollscoil na hÉireann Corcaigh 1997-chun dáta. Cathaoirleach ar Choiste Iníúchta UCC 2003-chun dáta, Stiúrthóir, Údarás Aerfort Chorcaí.*

6. Liam Twohig

Bcomm, FCA

Comhpháirtí Bainistíochta, Baker Tilly Ryan Glenon; Comhpháirtithe Gnó & Cuntasóirí. Iar-uachtarán ar Chumann Tionscail agus Tráchtála na Gearmáine-na hÉireann. Ball, Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, Coiste Achomhairc Araíonachta. #

7. Jim Kelly

Stiúrthóir, KBC Asset Management, Cathaoirleach Fold Housing Association Ireland, Comhalta, An Institiúid um Bainistíocht Pinsean, Iar-Phríomhfheidhmeannach, Mercer Human Resource Consulting, Stiúrthóir Bunaidh, Pension & Investment Consultants Ltd., Iar-Chathaoirleach, Comhairle na hÉireann um Pleanáil do Lucht Scoir. #



8. Karen Hickey-Dwyer

FRIAI

Tá Karen Hickey-Dwyer Uasal. ina Comhpháirtí faoi láthair le Ivor Fitzpatrick and Company Solicitors, agus is speisialtóir í ar chúram sláinte, dlí an teaghlaigh, faillí chliniciúil agus dlíthíocht árachais. Glacadh í sna Rollaí de Dhlí Chumann Corpraithe na hÉireann i 1998. Ball, Cumann an Bharra Dlíodóirí Bhaile Átha Cliath; Ball, Cumann na nDlíodóirí Teaghlaigh; Ball, Dlí-Chumann na hÉireann; Ball, Cumann na nDlíodóirí Gortuithe Pearsanta; Ball, Cumann Idirnáisiúnta an Bharra.

9. Christy Cooney

Máistir Oideachais

Ardstiúrthóir Cúnta FÁS, Stiúrthóir, Páirc an Chrócaigh Teoranta, Cathaoirleach, Oiliúint & Forbairt Cluichí Náisiúnta an CLG; Cathaoirleach, Comhairle na Mumhan, CLG 2001-2003.

10. Cathal Magee

BA, MSC

Stiúrthóir Bainistíochta, *eircom* retail ó Eanáir 2002; Ball, Bord Stiúrthóirí, *eircom* Group Ltd. Stiúrthóir, Iontaobhas Úinéireachta Scaireanna na bhFostaithe, ESOT, *eircom*; Cathaoirleach, Tetra Ireland Communications Ltd; Stiúrthóir Neamh-fheidhmeannach, EBS Building Society. Sular thosaigh sé le *eircom*, d'oibrigh Cathal leis an National Australian Banking Group sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. #

11. An Banbharún Julia Neuberger

DBE

Ball de na Daonlathaigh Liobrálacha, Teach na dTiarnaí, Iontaobhaí, Fondúireacht na Duaise Booker; Iontaobhaí, Iontaobhas Carthanais Walter agus Liesel Schwab; Cathaoirleach ar an gCoimisiún faoi Thodhchaí Saorálaithe; Uachtarán, Giúdachas Liobrálach; Údar *The Moral State We're In*, staidéar ar mhoráltacht agus ar bheartas poiblí sa mBreatain comhaimseartha; Iarbhall, Comhairle Taighde Leighis; Iarbhall, Coiste um Chaighdeán sa Saol Poiblí; Iarbhall, Comhairle Ginearálta Leighis; Iar-Phríomh-fheidhmeannach, King's Fund; Iar-iontaobhaí, Comhairle na Breataine; Ollamh Diagachta Bloomberg, Ollscoil Harvard, Seimeastar an Earraigh 2006; Comhalta Oinigh, Coláiste Ríoga na Lia; Iar-Rabbi, Sionagóg Liobrálach Londen Theas.

12. Joseph O'Leary

FCCA

Comhpháirtí - Patrick McNamara & Associates (Corcaigh) - Iniúcháirí, Cuntasóirí agus Comhairleoirí Cánach. Iar-bhall den Chomhairle Náisiúnta Dámhachtainí Oideachais (NCEA), Uachtarán Réigiún na hÉireann de Chumann Cairte na gCuntasóirí Deimhnithe (ACCA) 1994/95, Iar-bhall d'Fheidhmeannacht Réigiún na hÉireann de Chumann Cairte na gCuntasóirí Deimhnithe.

Chríochnaigh Patricia Ennis, Uasal., an tUasal Kevin Moynihan agus an tUasal Joseph O'Leary a dtéarmaí oifige in Iúil 2006, Samhain 2006 agus Márta 2007, faoi seach.

* Ball den Choiste Íocaíochta

Ball den Choiste Iniúchta

1957

1961

1970

1981

Chuaigh Peadar ar
a chéad thuras thar
lear i 1961.

Inniu, thabharfadh ballraíocht Pheadair de Vhi um Chúram Sláinte teidlíocht dó ar raon pleananna taistil atá deartha chun luach a bhallraíochta a uasmhéadú.

Assist ó Vhi um Chúram Sláinte: tagann sé seo mar chuid caighdeánach de do Phlean Ospidéil Vhi um Chúram Sláinte agus tugann sé rochtain duit ar líne cabhrach d'éigeandálaí leighis a fheidhmíonn 24 uair sa lá nuair atá tú thar lear, mar aon le raon seirbhísí breise lena n-áirítear rochtain ar shaineolaí leighis le Béarla.

1986

1990

2007

MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte: seo é an polasaí árachais taistil dhomhanda bliantúil is mó tóir in Éirinn, atá ar fáil do bhaill Vhi um Chúram Sláinte go heisiach. Tugann sé clúdach duit don mhéid turais a dhéanann tú i mbliain agus soláthraíonn sé clúdach do riochtaí leighis a bhí ann cheana féin gan aon tréimhse feithimh agus gan aon ghá le measúnú leighis. Tá forlíonadh turais nua leathnaithe tugtha isteach againn ar féidir le baill é a cheannach más mian leo a dturais a ardú go 90 lá (3 mhí) nó 180 lá (6 mhí).

Global ó Vhi um Chúram Sláinte: is tairge idirnáisiúnta árachais sláinte príobháidigh é seo do Chónaitheoirí na hÉireann atá ag obair, ag taisteal nó ag staidéar thar lear ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí agus a bhfuil sé ar intinn acu filleadh ar Éirinn chun cónaí ann sa todhchaí. Tá Global Level 1 deartha don taistealaí óg/mac léinn agus áirítear leis clúdach sláinte idirnáisiúnta cuimsitheach agus árachas taistil in aon phlean amháin. Tá Global Level 2 deartha do phroifisiúnaigh gnó nó dóibh siúd a bhfuil clúdach leighis breise ag teastáil uathu agus tairgeann sé costais leighis suas go dtí €1.5 milliún chomh maith le clúdach do chostais leighis laethúla suas go dtí €3,000.

Athbhreithniú an Chathaoirligh

Réamhrá

Bliain thar a bheith eachtrúil sa mhargadh d'árachas sláinte ab ea an bhliain a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh anseo uirthi. Bliain ab ea í ina raibh níos mó tuairiscí, athbhreithnithe, éisteachtaí dlíthiúla agus tráchtairachta sna meáin i ndáil lenár n-earnáil ná aon earnáil eile sa gheilleagar. Dhírigh an chuid is mó den ghníomhaíocht seo ar na ceisteanna casta a bhaineann le Pobalráitú/Cothromú Riosca, iomaíocht agus rialú airgeadais. Déileálfaidh mé leo seo go mion thíos.

Tá an-áthas orm a bheith in ann a rá, áfach, go raibh Vhi um Chúram Sláinte dírithe i gcónaí ar an bpríomhchuspóir atá aige, is é sin seirbhís a sholáthar dá bhaill. Is é an toradh atá ar an bhfócas seo ná ardú i líon na mball agus toradh airgeadais dearfach, rud a chas suíomh na bliana seo caite droim ar ais nuair a bhí caillteanas ann. Déileáiltear leis na rudaí seo go mion san Athbhreithniú ar Oibríochtaí ach déanfaidh mé tagairt dóibh go hachomair anseo.

Pobalráitú/Cothromú Riosca

In athbhreithniú na bliana seo caite, chuir mé fáilte roimh chinneadh an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, chun an mheicníocht do Chothromú Riosca, a rabhthas ag fanacht uirthi le fada, a bheoú le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Glacadh leis an gcinneadh go ginearálta mar chinneadh dearfach don mhargadh d'árachas sláinte mar gur gheall sé páirc imeartha an mhargaidh a chothromú, an cumas a bheadh ag roinnt soláthróirí árachais brabúis amhantair a dhéanamh a bhaint as mar aon le hiomaíocht sa mhargadh ina iomlán a spreagadh.

Ar an drochuair, tá 18 mhí caite ó rinne an tAire a cinneadh agus fós féin, níor tharla aon aistriú Chothromú Riosca.

An t-am seo anuraidh, bhí a fhios againn go raibh an cinneadh déanta ag BUPA dúshlán a thabhairt do chinneadh an Aire san Ardchúirt. Agus é ag gníomhú thar ceann ball, bhí Vhi um Chúram Sláinte ina pháirtí do chosaint na caingne seo. Bhí éisteacht fhada 10 seachtaine ann in Aibreán agus Bealtaine 2006. I mí na Samhna 2006, thug an Breitheamh McKechnie breithiúnas an-láidir inar rialaigh sé ar son an Stáit agus in aghaidh BUPA ar gach cúis. Ghlac an cinneadh a thug an Chúirt gur tosaíocht beartais phoiblí a bhí i bPobalráitú agus dúirt sé gur mheicníocht shofaisticiúil ab ea an Scéim Cothroime Riosca a bhí "cothrom, réasúnta agus comhréireach". I mbreithiúnas a tugadh ina dhiaidh sin, d'ordaigh an breitheamh go n-íocfadh BUPA na costais uile a tarraingíodh le linn an cháis.

Go gairid tar éis an cás a chailleadh, d'fhógair BUPA go raibh siad chun an margadh a fhágáil. Mar sin féin, tá achomharc déanta acu chuig an Chúirt Uachtarach in aghaidh chinneadh na hArdchúirte. Táthar ag súil go n-éistfear leis an achomharc i bhFómhar na bliana 2007.

Is díol suntais é go raibh tairbhe de thart ar €100 milliún i bhfoirm sárbhrabúis déanta ag BUPA nuair a d'fhág siad an margadh, agus iad gnóthaithe acu ar chostas do thomhaltóirí sláinte príobháideacha le linn tréimhse deich mbliana. Tá an gnó díolta anois ag BUPA leis an Quinn Group. Níor nochtadh téarmaí an idirbhearta seo ag an am ach thug Tuarascáil Bhliantúil BUPA le fios ó shin go bhfuair siad €50 milliún ar dhíolachán a ngnó in Éirinn, agus go bhfuil an fhéidearthacht ann go bhfaighidh siad íocaíochtaí breise amach anseo.

Ainneoin a n-imeacht ón margadh, tá BUPA ag leanúint leo le dhá shraith eile imeachtaí dlí, chomh maith leis an achomharc chuig an Chúirt Uachtarach ar tagraíodh dó thuas:

- Caingean i gcoinne an Choimisiúin Eorpaigh ag tabhairt dúshlán dá gcinneadh nach raibh Cothromú Riosca in aghaidh na rialacha a bhaineann le Cúnamh Stáit. Éistíodh leis na himeachtaí seo i gCúirt Chéadchéime na hEorpa i Lucsamburg agus bhí Stát na hÉireann agus Vhi um Chúram Sláinte ina bpáirtithe do chosaint an cháis. Tá an cás seo ag dul ar aghaidh anois le roinnt blianta agus creidimid gur dócha go mbeidh breithiúnas i mbliana ann.
- An dara caingean san Ardchúirt ag tabhairt dúshlán don mholadh a rinne an tÚdarás Árachais Sláinte mar aon leis an gcinneadh a rinne an tAire Sláinte agus Leanaí ina dhiaidh sin Cothromú Riosca a fheidhmiú. Tá Vhi um Chúram Sláinte ina pháirtí do chosaint na caingne seo freisin. Níl aon dáta socraithe le haghaidh éisteacht an cháis seo.

Tar éis don Quinn Group gnó BUPA a cheannach, bhí sé soiléir go gairid ina dhiaidh sin go raibh an Quinn Group ag iarraidh díolúine trí bliana ó bheith ag déanamh aistrithe Chothromú Riosca ar an mbunús gur iontrálaí nua sa mhargadh a bhí iontu. Ba léir gur bhagairt fhollasach í seo do thodhchaí Phobalráitithe toisc go dtitfeadh an prionsabal maidir le tacaíocht ó ghlúin go glúin as a chéile dá mbeadh thart ar 25% den mhargadh díolmhaithe ó bheith ag déanamh cion tairbhe do Riosca an Phobail. Ghníomhaigh an Rialtas go tapa chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo agus ritheadh reachtaíocht sa Dáil chun an bealach éalaithe seo a dhúnadh.

Tharla forbairt eile, a bhí ina drochscéal amach is amach, sa chás fada maidir le Pobalráitú/Cothromú Riosca in Aibreán 2007 nuair a d'fhógair an tAire go mbeadh caolú de 20% ann san fhoirmle do Chothromú Riosca. Bhí mínithe éagsúla ann faoin gcúis a tógadh an cinneadh seo. Ar thaobh amháin, breathnaíodh air mar quid pro quo do bhaint as na díolúine trí bliana d'iontrálaithe nua sa mhargadh agus ar an taobh eile fógraíodh é de bhun moladh a rinneadh i dTuarascáil Barrington i ndáil leis seo. Is í an fhadhb atá ann leis an dara moladh seo ná nár thug Grúpa Barrington faoi aon anailís ar dhóthanacht na foirmle do Chothromú Riosca a bhí ann cheana féin, rud a bhí aisteach toisc go dtacaíonn an fhianaise uile atá ann le tuairim Vhi um Chúram Sláinte nach ndearna an fhoirmle dóthain cúitimh ar chor ar bith do na costais airgeadais a bhaineann le hárachas a chur ar fáil dóibh siúd sa phobal a bhfuil na rioscaí sláinte is mó ag baint leo, fiú sula ndearnadh an caolú.

Mar sin, táimid fágtha le meicníocht Cothroime Riosca nach ndearnadh aon aistriú fúithi fós agus nach ndéanann dóthain cúitimh ábhartha don dáileadh míchothrom de riosca an phobail ar fud an mhargaidh. Tá sé seo éagothrom agus ina údar do mhíchobhsaíocht fhéideartha sa mhargadh. Leanfaidh Vhi um Chúram Sláinte ag stocaireacht le haghaidh cineál Cothroime Riosca níos láidre chun tacú leis an gcuspóir beartais phoiblí de Phobalráitú.

Iomaíocht

D'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí trí thuarascáil ar shaincheist na hiomaíochta sa mhargadh d'árachas sláinte agus tá siad faighte aici, is é sin ón Údarás Iomaíochta, ón Údarás Árachais Sláinte agus ó Ghrúpa Barrington. Tá

breathnuithe mionsonraithe tugtha don Aire ag Vhi um Chúram Sláinte ar gach ceann de na tuarascálacha seo agus tá na freagraí seo ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.vhi.ie. Is leor a rá san athbhreithniú seo go bhfuil roinnt moltaí dearfacha i ngach ceann de na tuarascálacha seo, ach freisin, ar an drochuair, tá roinnt moltaí iontu atá bunaithe ar anailís nach bhfuil ann ar chor ar bith nó atá fabhtach, moltaí a bhfuil sé cinnte nach ar leas tomhaltóirí a bheidís. Tá fáilte curtha ag Vhi um Chúram Sláinte roimh iomaíocht ar bhonn comhsheasmhach agus oscailte.

Tá fógra tugtha againn freisin go leanfaimid linn go bríomhar i mbun iomaíochta sa mhargadh mar atá déanta againn le 10 mbliana anuas. Tá beart ar bith atá deartha chun srian nó moill a chur ar Vhi um Chúram Sláinte ó a bheith ina iomaitheoir lochtach agus ní fhéadfadh sé a bheith ar leas tomhaltóirí.

Is í an bhunfhadhb atá ann i ndáil le hiomaíocht bhríomhar sa mhargadh d'árachas sláinte ná an bhunchoimhlint atá ann idir Pobalráit agus an iomaíocht. Faigheann an chéad cheann réidh le riosca mar shaincheist iomaíochta ach is é riosca an príomhfachtóir iomaíochta i margaí árachais eile. Ní théann aon cheann de na tuarascálacha thuasluaite i ngleic leis an gcoimhlint seo ainneoin go nglacann an tÚdarás Iomaíochta go bhfuil Pobalráit ina shríon suntasach d'iomaíocht. Ní mór do bheartas poiblí a bheith soiléir maidir leis an tosaíocht seo. Mar gur ceanglas dlíthiúil é an Pobalráit, ní mór féachaint air seo mar thosaíocht. Tá an-bhaol ann gurb é an tomhaltóir a bheidh thíos leis má dhéantar caolú ar Phobalráit nó má thógtar isteach bearta eile nach gcuireann san áireamh go hiomlán an choimhlint ar tagraíodh thuas di.

Tá sé fíor, ar ndóigh, go mbíonn iomaitheoirí eile ag déanamh aibhéile ar na deacrachtaí a bhaineann le bheith ag iomaíocht le Vhi um Chúram Sláinte nuair is é an fórchuspóir atá acu ná an brabús is féidir leo a dhéanamh ó árachas sláinte a uasmhéadú. Is é seo an suíomh a thóg BUPA agus tháinig sé chun solais go hiomlán nuair a bhí AXA ar dtús agus ansin an Quinn Group sásta praghas substaintiúil a íoc chun ceannas a fháil ar a ngnó in Éirinn.

Rialú Airgeadais

Comhuain is a rinneadh an cinneadh Cothromú Riosca a bheoú, bhí sé cinnte go mbeadh an chuma ar an scéal gur aimhrialtacht a bhí sa mhaolú atá ag Vhi um Chúram Sláinte ó riachtanais sócmhainneachta faoi láthair. Ghlac Vhi um Chúram Sláinte i gcónaí gur cheart an maolú a tharraingt siar. Is í an cheist a bhí ann ná an t-amscála a cheadófar do Vhi um Chúram Sláinte chun an damáiste a rinneadh ó neamhláithreach Cothroime Riosca thar tréimhse 9 mbliana a chur ina cheart. Ar iarratas ón Aire, rinneamar tiomantas ceanglais an Rialtóir Airgeadais a chomhlíonadh faoi 2012. Tá áthas orm aird a tharraingt ar na torthaí airgeadais atá sa tuarascáil seo mar fhianaise dár ndiongbháilteacht an tiomantas seo a chomhlíonadh.

Mar sin féin, in Aibreán na bliana seo, thug an Rialtas le fios an rún a bhí acu an maolú a bhaint as roimh dheireadh 2008. Tá tiomantas déanta againn oibriú le comhchoiste na Roinne Sláinte & Leanaí agus na Roinne Airgeadais chun an bealach is fearr an sprioc athbhreithnithe seo a bhaint amach a aithint. Is é an dúshlán atá ann ná gan cur leis an iliomad fachtóir atá ag cur le costas árachais sláinte sa phróiseas.

Bheadh sé ina chúnamh mór ó thaobh an chuspóir seo a bhaint amach agus níos mó iomaíochta a ghiniúint sa mhargadh d'árachas sláinte dá gcuirfeadh an Rialtóir Airgeadais riachtanas sócmhainneachta níos lú i bhfeidhm do

sholáthróirí árachais sláinte in Éirinn. D'fhágfadh a leithéid de bheartas Éire níos gaire do riachtanais na Rialtóirí Eorpacha eile sa mhéid seo. Is í an éirim atá ag an Treoir nua Socmhainneachta II atá á hullmhú faoi láthair san Eoraip ná go mbeidh riachtanais sócmhainneachta níos ísle ann do sholáthróirí árachais sláinte. Tá lánmheas againn ar neamhspleáchas an Rialtóra Airgeadais ó thaobh na riachtanais atá ann maidir le bronnadh cheadúnas árachais a chinneadh. Is údar dóchais dúinn é go bhfuil an Rialtóir i mbun athbhreithnithe faoi láthair maidir leis na riachtanais.

Agus an Rialtóir Airgeadais ag déanamh rialaithe ar Vhi um Chúram Sláinte, bainfear as cnámh spairne mhór sa mhargadh d'árachas sláinte agus fáiltímid roimhe seo. Ní airímid go mbeidh an fócas níos mó ar chaipitil ina shrian ar ár n-oibríochtaí. Sa chomhthéacs seo, is fiú machnamh nár theastaigh rochtain ar chaipitil seachtach ó Vhi um Chúram Sláinte le linn an 50 bliain iomlán a bhfuilimid i mbun gnó. Le linn na tréimhse seo, mhaoiníomar fás an-mhór agus thógamar branda a bhfuil an-mheas air agus an-mhuinín as go hiomlán ó acmhainní a rinneadh laistigh den ghnó go himmheánach.

Feidhmiúchán Gnó

Mar a léiríodh thuas, bhí an bhliain go dtí 28 Feabhra rathúil ó pheirspictíocht gnó de. Tháinig an fócas atá againn ar sheirbhís a sheachadadh do bhaill, an fhorbairt leanúnach ar éifeachtúlacht feidhmiúcháin mar aon le cúram sláinte ar chostas réasúnta a éascú le chéile chun fás cuimsitheach a bhaint amach i líon ár mball. Cuireadh lenár n-iarrachtaí féin sa mhéid seo nuair a bheartaigh BUPA imeacht ón margadh.

Díol suntais a bhí ann i rith na bliana nuair a sháraigh ioncam préimhe €1 billiún. I gcomparáid leis an bhfigiúr seo, tá ár mbarrachas de €70.3m measartha ach is gnóthú an-mhaith é i gcomparáid leis an easnamh de €32.3m a tuairiscíodh an bhliain roimhe sin. Tá dhá mhír i gceist leis an €70.3m .i. barrachas de €34.7m ar oibríochtaí laethúla mar aon le fuascailt €40.7m ón gcúlchiste riosca nár caitheadh, lúide cáin de €5.1m.

Tá áthas orm go háirithe go bhfuil ag éirí go maith lenár bplean chun ár ngníomhaíochtaí a leathnú thar an margadh d'árachas sláinte féin.

Bhí ár bhfócas leanúnach ar éifeachtúlacht feidhmiúcháin le feiceáil go soiléir arís i dtitim eile inár gcóimheas chostas oibríúcháin, a chuaigh síos go 8.1% in 2006/07, síos ó 8.5% an bhliain roimhe sin. I rith na sé bliana seo caite, thit an cóimheas seo os cionn 30% (11.8% go 8.1%). Díol spéise níos mó fós é seo nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil cóimheas chostas oibríúcháin ag Vhi um Chúram Sláinte anois atá níos lú ná leath den mheán i margadh árachais na hÉireann.

Bord agus Grúpaí Comhairleacha

I rith na bliana, rinneadh dhá cheapachán nua do Bhord Vhi um Chúram Sláinte. I mí Iúil 2006, chuir Karen Hickey-Dwyer Uasal tús lena tréimhse oifige cúig bliana linn, agus leanadh í seo i mí na Samhna le ceapadh an Uasail Vincent Sheridan, ár bPríomhfheidhmeannach. Beidh an saineolas dlí atá ag Karen Hickey-Dwyer Uasal ina bhuntáiste mór dár mBord. Forbairt thábhachtach i rialachas maith corparáideach é ceapadh an Uasail Sheridan don Bhord agus cinntíonn sé go bhfuil meascán de Stiúrthóirí feidhmeannacha agus neamhfheidhmeannacha ar an mBord. Tar éis dheireadh na bliana, i mí Mhárta 2007, ceapadh an tUasal David Went ar an mBord agus tá an-fháilte roimhe, ag glacadh leis an méid saineolais agus taithí atá aige.

Bliain thar a bheith dúshlánach do Bhord Vhi um Chúram Sláinte ab ea an bhliain atá faoi athbhreithniú agus ba mhaith liom ómós a thabhairt do na baill eile atá ar an mBord in éineacht liom as ucht a dtiomantas agus a dtacaíocht mhór. Ba mhaith liom go háirithe ómós a thabhairt do Patricia Ennis Uasal, an tUasal Kevin Moynihan agus an tUasal Joseph O'Leary agus iad ag críochnú a dtéarmaí oifige. Táim buíoch dóibh as ucht a gcion tairbhe luachmhaire do Bhord Vhi um Chúram Sláinte i rith na gcúig bliana seo caite.

Dhá choiste dheonacha atá i gComhairle Chomhairleach na mBall agus an Grúpa Comhairleach Leighis a thugann comhairle cumarsáide agus saineolais i ndáil le hábhair a imríonn tionchar an-dearfach ar ár mbaill. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an dá choiste as ucht a dtacaíocht agus a dtiomantas i rith na bliana.

Ár bhFostaithe

Tháinig go leor dúshlán chun cinn d'fhostaithe Vhi um Chúram Sláinte sa bhliain atá faoi athbhreithniú. Tá ár ngnó fása anois go dtí na leibhéil is fearr riamh de bharr dhúthracht agus diongbháilteacht na bainistíochta agus na mball foirne chun an caighdeán is fearr i seirbhís custaiméara agus i dtáirgí nuálaíocha a sholáthar dár mbaill. Ba mhaith liom buíochas an Bhoird Stiúrthóirí maidir le hiarrachtaí gach fostaí a chur in iúl.

Ómós

Ba mhaith liom go háirithe aitheantas a thabhairt don chion tairbhe a rinne ár mbaill foirne measúla Therese McGlinchey Uasal agus an tUasal Martin King a fuair bás i rith na bliana. Fearaimid comhbhrón ó chroí dá gclann, dá gcairde agus dá gcomhghleacaithe in Vhi um Chúram Sláinte. Suaimhneas síoraí dá n-anamacha.

50 Bliain d'Árachas Sláinte Saorálach

Bliain speisialta atá in 2007 sa mhéid go bhfuil 50 bliain caite ó bunaíodh Bord Árachais Sláinte Saorálaigh (atá anois ag trádáil mar Vhi um Chúram Sláinte). Áit thar a bheith éagsúil ab ea Éire in 1957 nuair a bunaíodh Vhi um Chúram Sláinte. Roimhe seo, rinneadh roinnt iarrachtaí chun earnáil árachais sláinte príobháidigh a sheoladh ach theip ar tháirgí a bhí ag cuideachtaí aonair dóthain airgid a dhéanamh agus tarraingíodh siar iad. Bhí teipthe ar an ngnáth-mhargadh árachais agus ní raibh aon rochtain ag 15% den daonra ar chúnamh ar bith ón Stát dá riachtanais sláinte agus sa chomhthéacs seo, rinne an Rialtas a bhí ann ag an am sin cinneadh Vhi um Chúram Sláinte a bhunú. Tá a fhios ag an saol céard a tharla ina dhiaidh sin. Inniu, 50 bliain níos deireanaí:

- Ceannaíonn céatadán níos airde den daonra árachas sláinte in Éirinn ná in aon tír eile ar domhan.
- Is é an príomh-bheartas poiblí i ndáil le hárachas sláinte, atá cumhdaithe anois i reachtaíocht, ná go mbeadh pobalráit ann. Tacaíonn gach páirtí polaitiúil leis an mbeartas seo agus tacaíonn tromlach na ndaoine le Pobalráit freisin.
- Is ceann den líon beag táirgí/seirbhísí in Éirinn é ár n-árachas sláinte atá saor i gcomparáid le tíortha eile.
- Tá Vhi um Chúram Sláinte aitheanta anois mar cheann de na brandaí is fearr sa tír a bhfuil eolas agus meas air agus muinín as agus taispeánann an fhianaise gur soláthróir árachais sláinte thar a bheith éifeachtach é bunaithe ar na tagarmharcanna intíre agus idirnáisiúnta araon.

Tá go leor fáthanna bunúsacha leis an móréileamh atá ar árachas sláinte príobháideach in Éirinn agus ar Vhi um Chúram Sláinte ach ina measc tá: glacadh le Pobalráitú mar bhealach chun árachas fadsaoil agus inacmhainne a chinntiú; an dúthracht agus an díograis mhór a bhí ag an bhfoireann, an bhainistíocht agus ag Bord Vhi ón tús; an srian teann a coinníodh ar chostais agus ar éifeachtúlacht maidir le feidhmiúchán; an cumas dul i mbun teagmhála agus idirbheartaíochta le solathróirí leighis thar ceann na mball; an aire leanúnach a caitheadh le forbairt agus le nuálaíocht maidir le táirgí; an fócas iomlán ar chustaiméirí trí bheith ina ghnó atá bunaithe ar an mballraíocht agus ar deireadh, an creideamh a bhí ag Rialtais leanúnacha in árachas sláinte príobháideach, mar aon leis an tacaíocht a thug siad dó trí fhaoiseamh cánach a thabhairt do phréimheanna árachais sláinte.

Is údar ceiliúrtha dúinn an 50 bliain atá déanta againn agus níos mó ná sin, tugann sé deis dúinn buíochas a ghabháil lenár bhfoireann atá ann faoi láthair mar aon leo siúd a bhí ann san am a caitheadh as ucht a dtiomantas agus freisin buíochas a ghabháil lenár mbaill as ucht a dtacaíocht leanúnach.

An Todhchaí

In Vhi um Chúram Sláinte, táimid ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí go muiníneach. Tá níos mó ball ná riamh againn agus tá ár suíomh airgeadais ag dul i dtreise. Tá sé den riachtanas do Vhi um Chúram Sláinte agus don mhargadh d'árachas sláinte go mbainfí as go tapa na constaicí d'aistrithe Cothroime Riosca atá fágtha. Ní dhéanann an fhoirmle do Chothromú Riosca atá ann faoi láthair dóthain soláthair do dhifreálaigh riosca sa mhargadh agus coinneoidimid ag déanamh stocaireachta leis an Údarás Árachais Sláinte agus leis an Rialtas le haghaidh scéim Cothroime Riosca atá níos tréine. Oibreoimid leis an Rialtas chun an maolú ó riachtanais sócmhainneachta a bhaint as go luath. Tá sé den riachtanas go mbainfí é seo amach ar bhealach nach luathaíonn arduithe i gcostas árachais sláinte sa todhchaí.

Tá an mhuinín atá againn as an todhchaí bunaithe ar deireadh ar an tiomantas leanúnach atá againn cúram sláinte ar phraghas inacmhainne a éascú dár mbaill agus ar ár ngeallúint dár mbaill "go mbeimid ann nuair atáimid ag teastáil uait".



Bernard Collins

Cathaoirleach

14 Meitheamh 2007

A young man with dark hair, wearing a red football jersey with blue sleeves and black shorts, is running towards the camera on a muddy, wet football pitch. He is splashing water with his right foot. In the background, another player in an orange kit is visible. A white timeline line is superimposed over the middle of the image.

1957 1961 1970 1981

Nuair a bhí Peadar 13, roghnaíodh ar fhoireann peile na scoile é.

Tá a fhios ag Vhi um Chúram Sláinte go bhfuil ballbhrúnna agus tuairteanna ina gcuid den saol laethúil agus go mbíonn go leor teaghlach ag íoc níos mó i gcostais laethúla leighis de réir mar a fhásann a leanaí agus mar a éiríonn siad níos gníomhaí. Tairgimid mar sin, táirgí agus seirbhísí chun dul i ngleic leis na riachtanais athraitheacha seo lena n-áirítear:



1986 1990 2007

Clúdach ó Lá go Lá: Soláthraíonn HealthSteps ó Vhi um Chúram Sláinte airgead ar ais ar chostais laethúla leighis lena n-áirítear cuairteanna chuig an dochtúir teaghlaigh, an fiactóir agus an fisiteiripeoir. Ní gá duit Plean Ospidéal de chuid Vhi um Chúram Sláinte a bheith agat chun HealthSteps a cheannach agus féadfaidh tú é a cheannach díreach ar mhaithe le do chostais laethúla leighis a chlúdach. Mar mhalairt air sin, má tá Plean Ospidéal de chuid Vhi um Chúram Sláinte agat, féadfaidh tú HealthSteps a cheannach chomh maith.

Clinicí Vhi SwiftCare: Is iad Clinicí Vhi Swiftcare na chéad ionaid cúram práinneach siúl isteach in Éirinn, ag tairiscint cóir leighis do mhionghortuithe agus do thinnis nach rabhthas ag súil leo agus nach bhfuil ina gcontúirt thromchúiseach do shláinte an duine, cosúil le gortuithe a bhaineann le spórt, tuairteanna, ballbhrúnna, miondónna agus gearrthacha. Tá dhá chlinic Vhi Swiftcare i mBaile Átha Cliath, ceann in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ceann i mBaile Amhlaoibh. Tá siad oscailte ó 8 r.n. go 10 i.n., seacht lá na seachtaine, 365 lá sa bhliain.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Réamhfhocal

San athbhreithniú a rinne sé ar an mbliain, dhéileáil an Cathaoirleach leis na tuarascálacha ar fad a ullmhaíodh ar an margadh d'árachas sláinte agus ar na hidirghabhálacha polaitiúla, rialála agus dlíthiúla maidir le Pobalráitú /Cothromú Riosca, iomaíocht mar aon le fáil réidh le maolú atá molta. Ní phléifidh an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí leis na saincheisteanna seo go mion.

Mar sin féin, ní fhéadfadh aon athbhreithniú ar oibríochtaí a bheith ann gan trácht a dhéanamh ar an tionchar míchothrom leanúnach atá á imirt ar bhail Vhi um Chúram Sláinte ag an gcóras míshásúil Phobalráitithe/Cothroime Riosca atá ann. Sa chéad áit, ní bhfuarthas aon fháltas fós ag leanúint ar bheoú Cothroime Riosca an 1 Eanáir 2006. Tá sé seo amhlaidh mar gheall ar na himeachtaí dlí atá tionscanta ag iomaitheoir nach bhfuil sa mhargadh a thuilleadh. Ní fhéadfaí na haistrithe Cothroime Riosca atá ag dul go Vhi um Chúram Sláinte a chur san áireamh sna ráitis airgeadais seo. Mar sin féin, fiú nuair a bheidh an tsaincheist atá os comhair na gcúirteanna réitithe, ní dhéanann an mheicníocht Cothroime Riosca dóthain cúitimh don difreálú riosca atá sa mhargadh. Bhí sé seo amhlaidh roimh Aibreán na bliana seo nuair a chaolaigh an tAire an fhoirmle a thuilleadh fá 20%.

Baineann Pobalráitú le tacaíocht ó ghlúin go glúin. Ciallaíonn sé go n-íocann daoine óga préimheanna níos airde ionas gur féidir le daoine níos sine préimheanna níos ísle a íoc. Tugtar Cothromú Riosca ar na haistrithe idir soláthróirí árachais a éascaíonn an tacaíocht seo ó ghlúin go glúin. Nuair atá an fhoirmle do Chothromú Riosca neamhéifeachtach nó nuair a dhéantar caolú uirthi, sa chás sin ní théann roinnt de na préimheanna níos airde a íocann daoine óga isteach sa chiste do riosca an phobail ach ina áit sin, cabhraíonn siad le brabúis soláthróirí árachais a ardú. Tá sé seo ina údar imní mór dúinne i Vhi um Chúram Sláinte mar go gciallaíonn sé go bhfuil ár mbaill ag íoc níos mó as árachas sláinte ná mar ba cheart dóibh agus tar éis dúinn oibriú chomh crua sin chun éifeachtaí a bhaint amach, ní bhíonn siad le feiceáil go hiomlán inár bpréimheanna. Coinneoidimid ag stocaireacht ar son meicníocht Cothroime Riosca atá níos cothroime. Cuirfear aon fheabhsú ar aghaidh ag ár mbaill i bhfoirm préimheanna níos ísle.

D'ainneoin an míbhuntáiste tromchúiseach seo, bhí bliain mhaith againn i dtéarmaí airgeadais agus oibríochtúla.

Torthaí Airgeadais

Is féidir cur síos ar na buaicphointí airgeadais go hachomair mar seo a leanas:

- Tharla ardú 10.9% ar ioncam préimhe iomlán tuillte. Tháinig sé seo ó ardú ar rátaí préimhe mar aon le hardú i líon na mball a clúdaíodh le hárachas. Bhí ioncam préimhe os cionn €1 billiún i ndiaidh na hardaithe seo.
- Tháinig ardú de 4.5% ar chostas éilimh. Ardú níos lú a bhí anseo ná sin a raibh buiséadú déanta dó, go príomha mar gur baineadh úsáid níos lú as leapacha príobháideacha in ospidéal phoiblí ná mar a bhíothas ag súil mar aon le húsáid níos moille d'áiseanna nua ospidéal ná sin a bhí fortheilgte againn. I measc na bhfachtóirí dearfacha eile, bhí úsáid níos mó de chúram lae mar mhalairt ar lóistín cónaitheach d'othair agus an bhéim níos mó a chuireamar ar bhail a bheith ag déanamh iniúchadh ar a mbillí ospidéal/comhairleoirí.

- Bhí fás 4.9% ar chostais oibríocháin glan agus thit an cóimheas de chostais oibríochta (costais oibríochta mar chéatadán d'ioncam préimhe tuillte), atá fíorthábhachtach ó 8.5% go 8.1%. Le sé bliana anuas, bhí titim de 30% ar an gcóimheas seo (11.8% go 8.1%).
- Is é an barrachas a bhí ann i ndiaidh cánach ná €70.3m i gcomparáid le caillteanas de €32.3 milliún sa mbliain roimhe sin. Tá dhá mhír sa bharrachas seo:
 - barrachas oibríochta de €34.7m agus cuireadh leis an bhfigiúr seo tuilleadh le hardú de €9.1m in ioncam infheistíochta, mar aon leis an ioncam préimhe fabhrach agus an taithí a bhí ann le héilimh a bhí dearfach freisin.
 - scaoileadh €40.7m ón gcúlchiste riosca neamhéagtha, lúide cáin de €5.1m. Éascaíodh an scaoileadh seo ag na figiúirí d'ioncam préimhe, éilimh agus costais a bhí níos fearr ná mar a bhíodhas ag súil agus ar cuireadh síos orthu thuas. Measadh go mbeadh sé stuama an comhardú de €64.9m a choinneáil sa chúlchiste seo. Thacaigh na hachtúirí comhairleacha, a thug tuarascáil neamhspleách faoi chúlchistí agus soláthairtí teicniúla, leis an tuairim go hiomlán, agus thacaigh na hiniúcháirí seachtracha leis freisin. Táimid dóchasach go bhféadfaí é seo a scaoileadh in 2007/08, má cheadaíonn coinníollacha sa mhargadh é agus ar choinníoll go gcuirfear i leataobh an bac dlíthiúil ar aistriú Cothroime Riosca.
- Is ionann an barrachas de €34.7m atá ann ó ghnáthoibríochtaí agus 3.4% d'ioncam préimhe, figiúr atá níos lú ná sin a bheadh ag teastáil chun na cóimheasa sócmhainneachta rialála a choinneáil. Mar sin féin, céim chun tosaigh atá san aisghabháil ón staid a bhí ann anuraidh nuair a bhí caillteanas ann.
- D'fhás an cóimheas sócmhainneachta, .i. an coibhneas idir cúlchistí saora agus ioncam préimhe, ó 23.2% go 27.1%. Fianaise é seo den tiomantas a thugamar don Rialtas go luath in 2006 go gcomhlíonfaimid riachtanais sócmhainneachta an Rialtóra Airgeadais roimh 2012. (Tá cinneadh déanta ag an Rialtas anois gur cheart an sprioc seo a bhaint amach roimh dheireadh 2008.)

Buaicphointí Oibríochtúla

Is féidir breithniú a dhéanamh ar oibríochtaí faoi líon teideal:

Ballraíocht agus Díolacháin

Bhí ardú beagnach 20,000 sa mballraíocht iomlán go dtí 1.57 milliún, an líon is mó ariamh. Cuireadh leis an ngníomhaíocht díolacháin a bhíonn againn go hiondúil in Eanáir/Feabhra 2007 nuair a d'fhógair BUPA go raibh siad chun an margadh a fhágáil. Chuaigh an raon nua táirgí darbh ainm LifeStage Choices, a seoladh in 2004, i dtreise i rith na bliana agus bhí na pleananna seo ceannaithe ag 200,000 ball roimh dheireadh na bliana.

Seirbhís Custaiméara

Mar eagraíocht atá bunaithe ar an mballraíocht, tá cáil náisiúnta bainte amach ag Vhi um Chúram Sláinte as ucht caighdeán, éifeachtacht agus comhbhá ar seirbhís custaiméara. Tá leas ár mball i gcroílár gach a dhéanaimid. Tá ár dteagmhálacha le baill tábhachtach dúinn go háirithe agus bhí os cionn 3.45 milliún teagmháil againn le baill i rith na bliana tríd an teileafón, ríomhphost, gnáthphost, teachtaireachtaí téacs nó trí dhaoine a bheith ag teacht isteach chuig ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath, Dún Laoghaire, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Cill Chainnigh.

Forbairt mhór a bhí ann i rith na bliana ó thaobh ár seirbhís do chustaiméirí corparáideacha agus grúpa nuair a seoladh áis nua darbh ainm Project Manager. Cuireann an córas seo atá bunaithe ar an ngréasán áis féinseirbhíse 24 uair fíor ama ar fáil do chustaiméirí chun rochtain a fháil ar eolas maidir le polasaithe agus chun athruithe a dhéanamh dóibh. Cuireann sé modh níos simplí agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de ar fáil do scéimeanna grúpa corparáideacha chun gníomhaíocht scéim grúpa a bhainistiú. Cuireadh an-fháilte roimh an áis seo agus leanfaimid lena cur i bhfeidhm sa mbliain reatha.

Is é Vhi um Chúram Sláinte an t-aon soláthróir árachais sláinte sa mhargadh atá in ann seirbhís comhtháite iomlán a thabhairt do chustaiméirí. Déanaimid riarachán ar ár bpolasaithe féin, próiseálaimid ár n-éilimh féin, láimhseálaimid gach teagmháil le baill, úsáidimid ár bhfoireann féin chun soláthróirí a bhainistiú ionas go mbeimid in ann na margaí is fearr a fháil dár mbaill agus tá caidreamh díreach againn le gach ceann dár scéimeanna grúpa agus corparáideacha trínár bhfoireann speisialaithe bainisteoirí cuntais. Ní ligimid do thríú páirtithe teacht idir muid féin agus ár mbaill agus ní thairgimid coimisiúin do bhróicéirí árachais ná d'idirghabhálaithe eile.

Bainistíocht Soláthróirí

Tá Vhi um Chúram Sláinte ag plé le soláthróirí chúram sláinte thar ceann ball ó 1957 i leith. Bímid i mbun próisis comhráití agus idirbheartaíochtaí leanúnacha le soláthróirí chun teacht ar chomhaontú faoi na praghsanna is fearr do sheirbhísí ó ospidéal, comhairleoirí, dochtúirí, soláthróirí otharcharr, saotharlanna agus go leor eile. Faoi láthair, tá socruithe do chlúdach iomlán againn le 99% de na comhairleoirí ospidéal uile agus le os cionn 100 ospidéal agus ionad leighis, ar áiseanna príobháideacha beagnach 40 acu. Anuas air sin, tá comhaontuithe againn le sé hionad diagnóiseacha d'eisothair atá faofa. Comhartha den rath a bhí orainn inár gcuid idirbheartaíochtaí thar ceann ball ná árachas sláinte in Éirinn a bheith ina cheann den bheagán táirgí nó seirbhísí atá saor i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan.

I ndiaidh idirbheartaíochta, thángthas ar chomhaontuithe le trí hospidéal móra nua in 2006/07 .i. Ospidéal Beacon agus Hermitage i mBaile Átha Cliath agus Ospidéal Whitfield i bPort Láirge. Bhí ar na hospidéal seo dian-chaighdeán cáilíochta a shásamh mar aon le praghsanna iomaíocha a sholáthar i gcomparáid leis an gcuid eile den mhargadh sular féidir leo a bheith cáilithe i gcóir clúdaigh. Soláthraíonn na hospidéal nua seo áiseanna suntasacha nua dár mbaill. Tugadh faomhadh i gcóir clúdaigh d'ionad nua chúram lae ag Ospidéal Auralia i mBaile Átha Cliath freisin.

Tá méadú suntasach ar acmhainn ospidéal príobháideach agus tá tuilleadh ospidéal príobháideach á dtógáil nó á bpleanáil i láthair na huaire. Tá faoiseamh cánach ar fáil do thógáil áiseanna leighis agus thug sé seo spreagadh don ghníomhaíocht forbartha seo. Tá an méid úsáide a bhainfidh an córas sláinte poiblí as an acmhainn leapacha príobháideacha méadaithe seo éiginnte fós. Tá an fhéidearthacht ann go mbeidh an iomarca acmhainne san earnáil ospidéal príobháideach amach anseo. Táimid ag déanamh monatóireachta ar chúrsaí agus cuirfimid nósanna imeachta idirbheartaíochta nua i bhfeidhm más gá chun a chinntiú nach mbeidh ró-acmhainneacht ina húdar do phréimheanna d'árachas sláinte príobháideach a bheith ag ardú.

Príomhghné de bhainistíocht soláthróirí is ea cinntiú go ndéantar gnáthaimh leighis sa suíomh is feiliúnaí ó pheirspictíocht leighis agus costais. Is é an léiriú is fearr den tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar riachtanais ó thaobh acmhainn leapa de ná an staitistic shuntasach seo: le linn na ndéich mbliana ó 1997 go 2007 bhí ardú 70% i méid na n-éileamh a d'íoc Vhi um Chúram Sláinte ach bhí ísliú 6% i méid na n-éileamh a rinne othair chónaitheacha mar aon le hardú 165% i méid na n-éileamh do chúram lae. Anuas air sin, sa tréimhse chéanna bhí ísliú 3% sa mheántréimhse ama a fhanann othar san ospidéal. Déanann an díospóireacht faoi riachtanais acmhainn leapa neamhaird go minic ar an dinimic tábhachtach seo i seachadadh chúram sláinte.

Tugadh faoi phróisis mhionsonraithe chun Eolaire d'Ionaid Téarnaimh a sholáthar le héifeacht ó 1 Iúil 2006 mar aon le hEolaire d'Ionaid faofa MRI le héifeacht ó 1 Meitheamh 2006. Baineadh amach coigiltis shuntasacha mar thoradh ar an bpróiseas tairisceana MRI.

Láimhseáil Éileamh

Bhí an muirear éileamh a bhí ag Vhi um Chúram Sláinte chun éilimh ball a shocrú os cionn €930 milliún in 2006/07. Is ionann é seo agus beagnach €4 milliún a íoc gach lá oibre.

Oibrímid an-chrua chun a chinntiú nach n-íoctar ach amháin éilimh atá cuí. Cuid lárnach den phróiseas seo í rannpháirtíocht ghníomhach ball ó thaobh a ráitis éilimh a iniúchadh. Chun na críche seo, tá athdhearadh déanta againn ar shonraí an ráitis d'éileamh a thaispeánann éilimh atá íoctha againn agus a chuirtear amach ag baill i ndiaidh gach íocaíochta. Tá aonad speisialta imscrúduithe éileamh ann chun imscrúdú a dhéanamh ar aon aimhrialtacht a aithníonn baill agus chun obair iniúchta eile a dhéanamh a thagann chun cinn de bharr mionanailís ar na sonraí.

Tá obair ag dul chun cinn ar dhearadh agus ar fheidhmiú córas nua d'éilimh a dhéanfaidh soláthar do níos mó uathoibríochta mar aon le níos mó mionanailíse ar íocaíochtaí éilimh. Cuirfear an córas nua i bhfeidhm i 2008.

Tairbhí Chúram Sláinte

Tá raon leathan pleananna árachais sláinte ar fáil chun riachtanais shonracha ball a chomhlíonadh. Tagann siad seo faoi dhá phríomhtheideal .i.

- ár bpleananna traidisiúnta ospidéil .i. Pleananna A go E agus A go E le Roghanna.
- ár bpleananna LifeStage Choice, a cheanglaíonn clúdach ospidéil le tairbhí chúram príomhúil.

Fograíodh roinnt feabhsuithe le tairbhí i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear:

- tairbhí máithreachais do bhaill a bhfuil idir gnáthphleananna agus pleananna LifeStage acu.
- comhaontú íocaíochta díreach nua d'oinceolaíocht agus do scanadh CT in Ospidéal Príobháideach Naomh Uinsinn.
- clúdach do MRI agus do scanadh PET/CT sa Blackrock Clinic agus in Ospidéal Príobháideach an Mater do na baill sin a bhfuil plean LifeStage acu.
- clúdach laethúil feabhsaithe do bhaill a bhfuil plean LifeStage Choices acu mar aon leis an rogha uasghrádú a dhéanamh do chlúdach níos airde.

Tairbhí agus Seirbhísí Éagsúlaithe

Le blianta beaga anuas, léirigh Vhi um Chúram Sláinte an-nuálaíocht ó thaobh raon níos leithne de tháirgí agus seirbhísí a chur ar fáil. Áirítear i measc na dtáirgí/na seirbhísí seo:

MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte:

Bhain MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte as an dúbailt a bhí ann roimhe seo do chlúdach sláinte idir conarthaí árachais sláinte agus árachais taistil. Táimid anois inár gceannaire margaidh d'árachas taistil bhliantúil agus tá árachas ag beagnach 300,000 duine le MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte.

Clinicí SwiftCare Vhi

Ba é coincheap SwiftCare Vhi an chéad áis chúram práinneach siúil isteach do mhionghortuithe a bunaíodh in Éirinn. Osclaíodh an chéad chlinic i mBaile Amhlaoibh in 2005 agus osclaíodh an dara ceann i Meitheamh 2006 ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Ascaill Uí Choileáin). Tá an-tóir ar na clinicí seo ón uair a d'oscail siad agus tá sé soiléir go bhfuil éileamh láidir ann don tseirbhís seo. Cuireadh cóir leighis ar os cionn 40,000 duine ag an dá ionad seo chun dáta. Tá ionaid eile á dtógáil nó a bpleanáil faoi láthair.

Vhi DeCare Dental

Is é seo an chéad phlean d'árachas fiaclóireachta speisialaithe in Éirinn, agus an t-aon cheann atá ann faoi láthair. Cuid den chuspóir a bhí ann nuair a seoladh an plan seo ná feasacht a ardú agus cúram a mhéadú sa réimse fiaclóireachta. I rith na bliana, cuireadh roinnt athruithe ar an táirge maidir le praghas agus maidir leis an táirge féin. Bhí clúdach fiaclóireachta ag os cionn 30,000 duine ag deireadh na bliana leis an táirge seo.

Réitigh Corparáideacha Vhi

Áirítear faoin fho-bhranda seo na cláir shláinte cheirde agus chúnamh d'fhostaithe a chuirimid ar fáil don earnáil chorparáideach in Éirinn. Mar shampla, i mí na Samhna 2006, fuair Réitigh Corparáideacha Vhi conradh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun seirbhís chúnamh d'fhostaithe (EAS) a chur ar fáil do gach múinteoir atá fostaithe ag an Roinn.

Global ó Vhi um Chúram Sláinte

Cuireann an táirge seo clúdach árachais sláinte ar fáil don líon Éireannach atá ag obair thar lear, líon atá ag dul i méid. Déanann sé éascaíocht do na daoine seo dul isteach i bpleananna árachais sláinte an Vhi ar fhilleadh dóibh go hÉirinn. Tháinig ardú 14% ar bhallraíocht Global an bhliain seo caite.

HealthSteps ó Vhi um Chúram Sláinte

Is é seo an táirge árachais atá againn do chúram príomhúil. Clúdaíonn sé leigheas malartach chomh maith le leigheas traidisiúnta chúram príomhúil. Bhí ballraíocht d'os cionn 55,000 ag HealthSteps ag deireadh na bliana.

Siopa Sláinte Ar-Líne an Vhi

Tá siopa ar-líne againn ar féidir rochtain a fháil air tríd ár láithreán gréasáin www.vhi.ie. Tá raon leathan táirgí ar fáil agus tá an-tóir ar roinnt acu m.sh. lionsaí tadhaill. I rith na bliana seo caite, cheannaigh níos mó ná 13% de na cuairteoirí don láithreán rud éigin agus is é seo ceann de na cóimheasa ceannaitheoir/brabhsálaí is airde san earnáil seo. Leathnófar an raon gníomhaíochtaí ar féidir linn gabháil leo nuair a rithfear reachtaíocht nua atá le bheith os comhair an Oireachtais in 2007. Bainfidimid úsáid as an deis seo chun an raon táirgí/seirbhísí atá ar fáil do bhaill agus don phobal a gcoitinne a leathnú.

Forbairt Teicneolaíochta

Próiseáileann Vhi um Chúram Sláinte na milliúin idirbhearta gach bliain. Tá infheistíocht mhór déanta againn i bhforbairt teicneolaíocht faisnéise d'fhonn éifeachtacht oibríochta a uasmhéadú mar aon le eispéireas custaiméirí a fheabhsú. Tá cultúr ann ar fud an ghnó ina bhfeabhsaítear rudaí ar bhonn leanúnach agus is é an toradh atá air seo ná gur ghné sheasta dár n-oibríochtaí is ea bainistíocht athraithe.

Chomh maith leis an gcóras nua d'éilimh agus an Bainisteoir Polasaí nua atá gréasán-bhunaithe, ar tagraíodh don dá cheann acu cheana, tá obair ag dul ar aghaidh freisin ar chóras nua éilimh d'eisothair, cártaí ballraíochta do bhaill a bhfuil dearadh nua orthu a thabhairt ar aird, tionscadal cáipéisíochta /cumarsáide d'fhonn ár gcumarsáid le baill a shimpliú agus a leathnú; coimisiúnú córas atá ag teastáil ag ár n-ionad nua do chumarsáid i nGaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall agus obair leanúnach chun cur lenár gcumais maidir le eSheirbhísí.

Acmhainní Daonna agus Forbairt Áiseanna

Fostaíonn Vhi um Chúram Sláinte 986 duine (nó 909 duine atá coibhéiseach de bheith lánaimseartha) ag ocht n-ionad in Éirinn. Tá an ceann is nuaí de na hionaid seo, Vhi um Chúram Sláinte Gaoth Dobhair, lonnaithe i nDún na nGall agus osclaíodh é in Earrach na bliana 2007. Láimhseálann an t-ionad glaonna úrscothach seo cumarsáidí lenár mbaill agus beidh ról an-tábhachtach aige sa straitéis atá againn chun baill a choinneáil sna blianta atá amach romhainn.

Bhí infheistíocht in oiliúint agus i bhforbairt ár mball ríthábhachtach i gcomhthéacs an rath a bhí ar ár ngnó agus beidh an tábhacht chéanna aici sa todhchaí. I rith 2006/07, dhírigh ár dtaighde margaí ar a bheith ag éisteacht go cúramach lenár gcustaiméirí d'fhonn é sin atá uathu a aithint níos fearr, mar aon leis an gcaoi ar féidir linn 'eispéireas an chustaiméara' a fheabhsú.

Forbairt Branda

I rith na bliana, lean ár ngníomhaíochtaí i ndáil lefeasacht branda agus cumarsáidí margaíochta ag treisiú agus ag comhdhlúthú an rúin "go mbeimid ann nuair atáimid ag teastáil uait". Rinneadh an-iarracht an chaoi a mbímid ag déanamh cumarsáide lenár mbaill a shimpliú agus chun cur ina luí ar chustaiméirí go dtugann ballraíocht de Vhi um Chúram Sláinte idir shuaimheas intinne agus luach ar airgead. I measc na gcumarsáidí a bhí ann, áiríodh:

Cáipéisíocht: tá cártaí ballraíochta nua ar ardchaighdeán á n-eisiúint do bhaill fásta ar bhonn céimnithe.

Fógraíocht: tharraing ár bhfeachtais fógraíochta aird ar na tairbhí atá ag ár bpleananna LifeStage Choices agus HealthSteps agus den chéad uair, Clinici SwiftCare an Vhi – ag cur béime i gcónaí ar an teachtaireacht "go mbeimid ann nuair atáimid ag teastáil uait".

Urraíochtaí: i rith 2006/07 rinne Vhi um Chúram Sláinte tuilleadh forbartha ar a chomhpháirtíocht an-rathúil leis an CLG trí na Vhi Cúl Camps, inar ghlac beagnach 75,000 leanbh páirt ar fud na tíre. Chuireamar tús freisin le hurraíocht dhá bhliain de Chraobhchomórtas na hÉireann de chuid Chumann Peile na mBan ag an leibhéal sinsearach, sóisearach agus idirmheánach. Thugamar tacaíocht freisin do Dhuaisianna Bhean Spóirt na Bliana 2006 de chuid an Irish Times agus Vhi um Chúram Sláinte, a bhfuil sé mar aidhm acu aird a tharraingt ar an méid atá gnóthaithe ag na mná is mó cáil in Éirinn i gcúrsaí spóirt.

Podchraolta: I mí Iúil sheolamar an chéad phodchraoladh sláinte in Éirinn – Vhi HealthClub. Tá an craoladh seo ar fáil ar-líne gach coicís ó www.vhi.ie agus ó www.podcastingireland.com agus clúdaíonn sé réimse topaicí a bhaineann le sláinte. Is féidir éisteacht leis ar PC nó é a íoslódáil go dtí seinnteoir MP3.

eGhnó: Leanann ár láithreán gréasáin ag mealladh go leor trácht. Tá os cionn 140,000 ball cláraithe ag Vhi um Chúram Sláinte agus fágann sé sin gurb é an láithreán gréasáin sláinte is mó tóir in Éirinn. Bíonn 330,000 cuairt ag an suíomh in aghaidh na míosa ar an meán agus faoi láthair tá 61,000 síntiúsóir ag ár nuachtlitir ríomhphoist.

Forbairt Margai: Aithníonn Vhi um Chúram Sláinte go bhfuil treochtaí déimeagrafacha ann in Éirinn le blianta beaga anuas atá ag athrú go tapa. Sa chomhthéacs seo, d'oibrigh Vhi um Chúram Sláinte go dlúth le hIonad Eolais agus Cultúir na Polainne i mBaile Átha Cliath chun seirbhís eolais atá tiomanta do chúrsaí sláinte a bhunú laistigh den Ionad. Tá cainteoirí dúchais Polainnis fostaithe ag Vhi um Chúram Sláinte ina Ionad Teagmhála i gCill Chainnigh d'fhonn cúnamh a thabhairt do shaoránaigh na Polainne lena bhfiosruithe chúram sláinte. Chomh maith leis sin, tá leathanach láithreán gréasáin curtha suas againn i bPolainnis www.vhi.ie/polski chun cúnamh a thabhairt do chuairteoirí ón bPolainn i bhfoirm eolais ar-líne faoi sheirbhísí sláinte in Éirinn.

Freagracht Shóisialta

Aithníonn Vhi um Chúram Sláinte an tábhacht a bhaineann lenár dtír agus lenár bpobal a chothú agus a chosaint ar bhealaí praiticiúla agus bíonn sé páirteach in go leor gníomhaíochtaí chun é seo a chinntiú. Tá Vhi um Chúram Sláinte tiomanta an éifeacht atá aige ar an timpeallacht a laghdú trí ath-chúrsaíl a dhéanamh ar a pháipéar ar fad, mar aon lena ngloine, cannaí, cartúis priontála, batairí caite, trealamh iomarcach agus fóin póca nach bhfuil ag teastáil níos mó.

I rith na bliana, bhronn Vhi um Chúram Sláinte €85,000 chun cúnamh le leathnú seirbhís Oftailmeolaíochta in Ospidéal na Leanaí i gCromghlinn. Chabhraigh an maoiniú seo le hathfhorbairt dhá sheomra do scrúduithe cliniceacha mar aon le seomra feithimh d'othair, rud a chuireann feabhas suntasach ar áiseanna do leanaí a bhfuil galair súl ag dul dóibh, agus dá dteaghlaigh.

D'éirigh le fostaithe Vhi um Chúram Sláinte €14,850 a bhailiú trí asbhaintí deonacha tuarastail, agus bhí an t-airgead seo le dáileadh idir beagnach 40 carthanacht cláraithe éagsúla go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. I measc na mbailiúcháin eile a bhailigh airgead do charthanachtaí éagsúla bhí crannchuir do bheiríní teidí, maidíneacha caife, laethanta geansaithe srl.

Le roinnt blianta anois, tá an Vhi ag tacú leis na Cláir Ghnóthachtáil Sóisearach/Fiontraíocht Óg. Tugann fostaithe Vhi um Chúram Sláinte a gcuid ama saor agus a saíneolas chun cabhrú le mic léinn bunscoile agus meánscoile a scileanna féin a aithint agus chun daoine a chóitseáil i réimse leathan disciplíní a bhaineann le gnó. I rith 2006/07, chabhraigh fostaithe Vhi um Chúram Sláinte le mic léinn óga ó scoileanna suite i mBaile Átha Cliath (i gcomhpháirtíocht le clár de chuid IBEC) agus i gCill Chainnigh a bpoitéinseal a uasmhéadú i líon bealaí trí chóitseáil a chur ar fáil in ábhair chomh éagsúil le heacnamaíocht phearsanta, teicnící d'agallaimh, ullmhúchán cvanna, scileanna teileafóin agus seirbhís custaiméara srl.

Léargas

Tugann an méid atá bainte amach ag Vhi um Chúram Sláinte le 50 bliain anuas bunús iontach do bheith ag breathnú don todhchaí le muinín. Is é an cultúr atá ag an ngnó ná go bhfuil na baill i gcónaí mar fhócas dár ngníomhaíocht. Tá an gnó ann chun freastal ar ár mbaill.

Éilíonn an cultúr seo próiseas feabhsúcháin leanúnaigh ó thaobh éifeachtacht oibríochtúil de, seachadadh seirbhíse agus feabhsúchán táirgí. Leanfaimid ag seachadadh na gcuspóirí seo sa todhchaí mar a rinneamar san am a caitheadh.

Is iad na dúshláin atá ann anois láithreach ná meicníocht Cothroime Riosca atá níos cothroime a bhaint amach, fáil réidh le maolú gan aon bhagairt iarmhar-tach do chostas árachais sláinte phríobháidigh agus dul i ngleic leis na dúshláin a thagann ó níos mó iomaíochta a bheith sa mhargadh.

Táimid ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí go muiníneach.



Vincent Sheridan
Príomhfheidhmeannach
14 Meitheamh 2007



1957

1961

1970

1981

Nuair a bhí Peadar 24,
thóg sé féin agus a
bhean céile amach a
bplean Vhi um Chúram
Sláinte féin.



1986

1990

2007

Agus é ag tosú amach ar a shaol pósta, bhí sé tábhachtach do Pheadar an clúdach sláinte a bhí ag teastáil uaidh féin agus óna bhean chéile a shocrú. Inniu, tá a fhios ag Vhi um Chúram Sláinte go n-athraíonn do riachtanais sláinte de réir mar a athraíonn do shlí mhaireachtála. Tairgimid mar sin, réimse leathan roghanna clúdaigh chun dul in oiriúint do gach céim den saol.

LifeStage Choices: Raon pleananna atá i LifeStage Choices a thairgeann clúdach den scoth do chúram ospidéil agus do raon leathan costas leighis laethúil. Fiú mura bhfuil ort úsáid a bhaint as do thairbhí ospidéil go deo, tugann na pleananna seo an-luach ar airgead mar go dtugann siad airgead ar ais duit i ndáil le cuairteanna chuig do dhochtúir teaghlaigh, Comhairleoirí, Fisiteiripeoirí, Cleachtóirí Leighis Malartaigh, srl. Thugamar LifeStage Choices orthu mar go bhfuil siad deartha chun an clúdach is fearr a thabhairt duit do na seirbhísí cúram sláinte is dóigh a bheidh ag teastáil uait ag céim áirithe de do saol.

Foireann Bainistíochta Feidhmeannaí

1. Vincent Sheridan

BComm. FCA, Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Vincent Sheridan le Vhi um Chúram Sláinte in Aibreán 2001, agus 28 bliain taithí aige sa tionscal árachais. Is stiúrthóir é ar FBD Holdings Plc agus bhí sé ina stiúrthóir ar Stocmhalartán na hÉireann ar feadh naoi mbliana go dtí Meitheamh 2004. Faoi láthair, tá sé ina Uachtarán ar Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus is ball comhairle é den Chónaidhm Idirnáisiúnta de Phleananna Sláinte agus den Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

2. Willie Shannon

BBS, FCA, , Stiúrthóir - Airgeadas

Is céimí é William Shannon de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit a bhfuair sé a BBS i 1974. Cháiligh sé mar chuntasóir cairte i 1977 le Arthur Andersen agus thosaigh sé le gnólacht mór bróicéirí árachais i 1987 mar Cheannasaí Airgeadais an Ghrúpa. Ceapadh ina dhiaidh sin é mar Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa i 1989. Thosaigh sé le Vhi um Chúram Sláinte mar Stiúrthóir Airgeadais i 2002. Tá sé ina bhall de roinnt coistí in Institiúid Cuntasóirí Cairte. Is iar-Chathaoirleach é ar Choiste Airgeadais Institiúid Árachais na hÉireann agus iar-Uachtarán ar Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais.

3. Tony McSweeney

Stiúrthóir – Gnó Indibhidiúil agus Corparáideach

Thosaigh Tony McSweeney, atá ina chomhalta d'Institiúid Margaíochta na hÉireann agus ina Chomhalta d'Institiúid Díolacháin na hÉireann, le Vhi um Chúran Sláinte ón tionscal saoil agus pinsean i 1996. Tá freagracht air as Seirbhísí do Chustaiméirí, Riarachán Custaiméirí agus Díolacháin.



1



2



3



4



5



6



7



8

4. John Creedon

Stiúrthóir – Éilimh

Tá freagracht ag John as seirbhís iomlán, riarachán agus íocaíocht éileamh. Bhí roinnt post sinsearach aige le Vhi um Chúram Sláinte, an ceann is deireanaí ná Stiúrthóir ar Theicneolaíocht Faisnéise, sular ceapadh é sa phost ina bhfuil sé anois.

5. An Dr Bernadette Carr

FRCPI, MPH, LFOM, Stiúrthóir – Míochaine

Is lia agus eipidéimeolaí í Dr Bernadette Carr le taithí fhairsing chliniciúil agus taighde. Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh í, agus i measc a cáilíochtaí tá Comhaltacht i UCLA 1989, Dochtúireacht i Leigheas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 1992, Ceadúnach de Dhámh an Leighis Saothair 1991, agus Máistreacht i Sláinte Phoiblí 1994. Toghadh í ar Chomhaltacht Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn in 1996. Thosaigh Bernadette le Vhi um Chúram Sláinte in 1994 mar Stiúrthóir Leighis agus i measc na bhfreagrachtaí atá uirthi tá caidrimh le soláthróirí agus idirbheartaíochtaí conartha.

6. Declan Moran

Stiúrthóir Margaíochta agus Forbairt Ghnó

Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta é d'Institiúid na nAchtúirí ó 1994. Thosaigh sé le Vhi um Chúram Sláinte i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean. Tá freagracht air as bainistíocht phunann táirgí Vhi um Chúram Sláinte, as táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus as saineolas achtúireachta laistigh den eagraíocht a sholáthar.

7. Mick Furlong

Stiúrthóir – Teicneolaíocht Faisnéise

Tá os cionn 28 bliain taithí ag Mick Furlong i dTeicneolaíocht Faisnéise agus sular thosaigh sé le Vhi um Chúram Sláinte, bhí poist shinsearach aige le TSB Bank, Compaq agus Accenture. Tá freagracht aige as Seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise.

8. Michael Owens

Stiúrthóir – Acmhainní Daonna

Tá BA ag Michael Owens i gcaidrimh tionsclaíochta agus is Comhalta Cairte é den CIPD. Thosaigh sé le Vhi i Lúnasa 1999 agus tá os cionn 27 bliain taithí aige i mbainistíocht acmhainní daonna in innealtóireacht éadrom, páipéar agus priontáil, miondíol tráchtála agus árachas.

A person with light brown hair, seen from the side, wearing a blue shirt with thin red, yellow, and green horizontal stripes. They are looking out over a calm body of water under a clear, pale blue sky. A white horizontal line spans the width of the image, with years marked below it.

1957 1961 1970 1981

Faoi mbliain 1986,
bhí beirt chlainne ag
Peadar – buachaill 4
bliana d’aois agus
cailín 2 bhliain d’aois.

Inniu, ligeann balltraíocht Pheadair in Vhi um Chúram Sláinte
dó rochtain a fháil ar réimse seirbhísí uathúla atá deartha
chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt do theaghlaigh óga
go háirithe nuair is mó atá sé ag teastáil uathu. I measc na
seirbhísí seo áirítear na cinn seo a leanas:



1986

1990

2007

Líne Chabhrach Máithreachais: líne chabhrach a bhfuil cnáimhseacha cáilithe mar fhoireann uirthi, a chuireann seirbhís phearsantaithe ar fáil do mháithreacha nua agus dóibh sin atá ag súil le páistí. Nuair a bheidh siad clár-aithe, gheobhaidh an ball glaonna teileafón ón gcnáimhseach ag eatraimh atá comhaontaithe i rith an toirchis agus ar feadh suas le sé mhí tar éis don leanbh a bheith beirthe. Is féidir le máithreacha freisin comhairle a fháil ar raon leathan réimsí lena n-áirítear beathú cíche, imdh-íontaí, scoitheadh mar aon le scrúduithe sláinte forbartha.

Nurseline 24/7: Tugann Nurseline 24/7 rochtain ar altrai cáilithe ar an teileafón 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain. Tá altrai a bhfuil go leor taithí acu ar fáil chun fiosruithe a fhreagairt, rochtain ar eolas maidir le riochtaí leighis a sholáthar agus eolas a thabhairt ar chógaí agus ar an gcaoi a n-imoibríonn siad le chéile.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an 50ú Tuarascáil Bhliantúil a leagan amach de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá cuntais an Bhoird agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na cuntais istigh leis an tuarascáil seo, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go forleathan in Éirinn agus tá siad ag teacht le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

1. Príomhghníomhaíochtaí

Is corparáid reachtúil é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh arna bhunú ag an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957 agus tá sé mar chuspóir aige córas airgeadais do chúram sláinte a sholáthar, arna chur i bhfeidhm ar bhunús cúnaimh fhrithpháirtigh.

2. Torthaí

Tá torthaí na bliana leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

3. Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí sa Todhchaí

Tá athbhreithniú ar an ngnó a rinneadh i rith na bliana, mar aon le tuairim an Bhoird faoi fhorbairtí dóchúla sa todhchaí le fáil in Athbhreithniú an Chathaoirligh agus sa Athbhreithniú Oibríochtúil.

4. Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilítear ar na Stiúrthóirí cuntais a ullmhú do gach tréimhse airgeadais, a thugann léargas cruinn cothrom ar staid reatha an Bhoird agus ar bharrachas nó ar easnamh an Bhoird don tréimhse sin.

Agus na cuntais sin a n-ullmhú acu, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasáíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus cúramach.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn gur gnóthas leantach atá ann, mura bhfuil sé neamhoiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ar aghaidh i ngnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntasáíochta chearta a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na cuntais de réir caighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus a chloíonn le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil ar mhaithe le calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosaint.

5. Rialachas Corparáideach

Tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail Rialachais Chorporáidigh a bhfuil cur síos orthu sa Chomhchód Rialachais Chorporáidigh. Rinne an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais athbhreithniú ar an gComhchód Rialachais Chorporáidigh i mí Iúil 2003. Ainneoin nach comhlacht liostáilte é, tá iarracht déanta ag an mBord cloí le forálacha an Chóid atá infheidhmithe, ag tabhairt airde ar Bhunrecht an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh agus mar sin, tuairiscíonn sé thíos ar chomhlíonadh an Chóid i rith na bliana.

Measann na Stiúrthóirí go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord chun na forálacha atá leagtha amach in alt 1 den Chomhchód a chomhlíonadh: Prionsabail Dea-Rialachais agus an Cód Dea-Chleachtais, ach amháin i ndáil le ceapacháin agus téarmaí oifige Stiúrthóirí, atá mar fhreagracht ar an Aire Sláinte agus Leanaí. Mar gheall air sin, níl Coiste Ainmniúcháin ná Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách ag an mBord.

Bord Stiúrthóirí

Tá rólanna an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh ar leithligh agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin atá ina bhall Feidhmeannach den Bhord. Tá gach Stiúrthóir neamhfheidhmeannach ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar feadh téarma oifige 5 bliana.

Tagann an Bord le chéile ar a laghad ocht n-uaire in aghaidh na bliana agus tá sceideal foirmeálta de nithe aige a choinnítear siar go speisialta ar mhaithe le cinntí a dhéanamh lena n-áirítear an plean straitéiseach ina iomlán a fhaomhadh, buiséid bhliantúla, tuarascáil agus cuntais bhliantúla agus mórghníomhaíochtaí corparáideacha. Cuirtear páipéir bhoird chuig gach comhalta i ndóthain ama roimh chruinnithe. Tá oiliúint agus seisiúin faisnéise ar fáil do gach Stiúrthóir nuair a cheaptar ar an mBord iad, agus bíonn tuilleadh oiliúna ar fáil ina dhiaidh sin, má theastaíonn sé. Tá nósanna imeachta curtha i dtoll a chéile ag an mBord do Stiúrthóirí chun glacadh le comhairle phroifisiúnta neamhspleách. Tá rochtain ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí. Tá clúdach Árachas Dlíteanas Stiúrthóirí ag an mBord. Tá próiseas socraithe ag an mBord chun meastachán a dhéanamh ar a fheidhmiú.

Tinreamh ag Cruinnithe Boird

	Bord	Iniúchadh	Luach Saothair
Bernard Collins	9		2
Pat Farrell	7		
Gillian Bowler	7		2
Patricia Ennis (D'éirigh as Iúil 06)	4	2	
Humphrey Murphy	7		2
Liam Twohig	9	4	
Kevin Moynihan (D'éirigh as Samhain 06)	5		
Joseph O'Leary (D'éirigh as Márta 07)	9		
Christy Cooney	8		
Jim Kelly	9	4	
An Banbharún Julia Neuberger	6		
Cathal Magee (Ceapadh ar an gCoiste Iniúchta é Meán Fómhair 06)	5	2	
Karen Hickey-Dwyer (Ceapadh í in Iúil 06)	4		
Vincent Sheridan (Ceapadh é Samhain 06)	3		

Déanann an Bord athbhreithniú ar na socruithe atá ann a thugann deis d'fhostaithe aird a tharraingt ar aon imní atá orthu faoi éagóir fhéideartha i dtuairisciú airgeadais nó i nithe eile. Má theastaíonn sé, cinnteoidh sé go ndéanfar imscrúdú cuí agus go rachfar i mbun gníomh leantach.

Tá Coiste Iniúchta ceaptha ag an mBord ar a bhfuil triúr Stiúrthóirí neamh-Fheidhmeannacha. Tagann an Coiste Iniúchta le chéile ar a laghad ceithre huair sa bhliain agus déanann sé athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, rialú inmheánach agus ábhair chomhlíonta agus ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh. Tugann comhaltaí an Choiste Iniúchta aghaidh

freisin ar an tsaincheist riosca, agus é mar aidhm acu a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta um bainistíocht riosca cuí agus prótacail tuairiscithe i bhfeidhm acu. Déanann an Coiste Iniúchta moltaí don Bhord maidir le ceapachán iniúchóirí seachtracha agus déanann sé meastachán ar a n-oibiachtúlacht agus ar a neamhspleáchas. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean iniúchta seachtrach agus ar na fionnachtana ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá príomhrólanna agus freagrachtaí an Choiste Iniúchta leagtha amach i dtéarmaí tagartha scríofa agus tá siad ar fáil ar iarratas.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta chun a chinntiú nach dtarraingítear amhras ar neamhspleáchas an iniúchta, agus áirítear leis seo monatóireacht ar nádúr agus méid na seirbhísí a sholáthraíonn na hiniúchóirí seachtracha trína n-athbhreithniú bliantúil ar na táillí a íoctar leis na hiniúchóirí seachtracha as seirbhísí iniúchta agus neamh-iniúchta.

Tá Coiste Íocaíochta ceaptha ag an mBord freisin, a bhfuil triúr Stiúrthóirí neamh-Fheidhmeannacha air. Tá freagracht ar an gcoiste seo as iarratasóirí a mholadh do cheapacháin bhainistíochta shinsearacha agus as polasaithe íocaíochta.

Rialú Inmheánach

Tá éifeacht tugtha ag an mBord do mholtaí Internal Control: Guidance for Directors on the Combined Code (Treoir Turnbull), a foilsíodh i Meán Fómhair 1999 agus ar dearnadh athbhreithniú air in 2005.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht agus comhlíonann siad an fhreagracht seo trí chruinnithe rialta den Choiste Iniúchta. Tá freagracht as cur i bhfeidhm an chórais seo tugtha acu don lucht Bainistíochta Feidhmeannaí.

Soláthraíonn an córas rialaithe inmheánaigh cinnteacht réasúnta, ach nach bhfuil absalóideach, ar:

- sócmhainní a choinneáil slán i gcoinne úsáide nó cóirithe neamhúdaraith; agus
- coinneáil taifead ceart cuntasáíochta; agus
- iontaofacht na faisnéise a thugann siad ar aird, le haghaidh úsáide inmheánaí agus le haghaidh a fhoilsithe araon.

Is iad príomhghéithe an chórais seo ná:

- polasaithe, nósanna imeachta agus struchtúir eagraíochta fhoirmeálta a bheith ann a thacaíonn le timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil.
- áirítear leis an straitéis ghnó, an phleanáil agus an próiseas buiséadach, lena n-áirítear anailís ar na mór-rioscaí gnó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht. Próiseas leanúnach é measúnú riosca agus leagann an Bord béim shuntasach air.
- tugtar ar aird gach mí sraith chuimsitheach de tháscairí fhaisnéis bhainistíochta agus feidhmíochta. Éascaíonn sé seo monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn in aghaidh cuspóirí fadtéarmacha agus ar bhuiséid bhliantúla, measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus gníomhú ar athraitheis. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha fadtéarmacha agus déantar iad a nuashonrú go rialta.

- déantar nósanna imeachta cuntasafóchta a dhoiciméadú, timthriallta idirbhearta a shainmhíniú, sonraí a thabhairt faoi amchláir chuntasafóchta, rialú ar chomhéadain uathoibríocha, próisis athbhreithnithe agus réitigh a dhéanamh, dualgais a dhealú agus teorainneacha údaraithe a sheiceáil. Tá freagracht tugtha d'fhoireann a bhfuil taithí acu agus atá cáilithe as gach feidhm mhór gnó.
- ullmhaíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh plean Iniúchta Inmheánaigh agus tugann an Coiste Iniúchta faomhadh don phlean seo. Tuairiscíonn Iniúchadh Inmheánach don Choiste Iniúchta ar bhonn leanúnach.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na cuntais ar bhunús an ghnóthais leantaigh agus, de réir ceanglais an Chomhchóid, tuairiscíonn na Stiúrthóirí gur shásaigh siad iad féin gur ghnóthas leantach é an Bord, bíodh is go bhfuil acmhainní leordhóthan-acha aige chun leanúint air ag feidhmiú don todhchaí. Agus iad ag teacht ar an tuairim seo, tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar bhuiséad an Bhoird do 2007/2008 agus ar na pleananna meántéarmacha mar atá siad leagtha amach i straitéis chorparáideach an Bhoird. Maidir leis seo, díritear aird ar Nóta 9 de na Cuntais.

6. Íocaíochtaí na Stiúrthóirí

Tá leibhéil bhliantúla íocaíochta don Chathaoirleach agus do gach Stiúrthóir socraithe ag an Rialtas ag €24,000 agus ag €14,000 faoi seach. Ceapadh an Príomhfheidhmeannach don Bhord i rith na bliana airgeadais seo caite. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí Neamhfheidhmeannacha aon íocaíocht eile ná níl aon aontuithe seirbhíse nó conarthaí acu leis an mBord.

7. Príomhríoscaí agus Neamhchinnteachtaí

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar chomhlachtaí anois cur síos a dhéanamh ar na príomhríoscaí agus neamhchinnteachtaí atá rompu. Ainneoin nach bhfuil an Bord faoi réir ag forálacha dhlí na gcuideachtaí, measann na Stiúrthóirí gur rialachas maith corparáideach é a leithéid de chur síos a thabhairt.

Is iad na príomhríoscaí atá roimh an ngnó ná:

- tá an neamhchinnteacht leanúnach faoi bheoú na Scéime Cothroime Riosca (féach Nóta 9 sna cuntais agus Tuarascáil na nIniúcháirí) ina bagairt mhór don ghnó. Ghlac an tAire Sláinte agus Leanaí le moltaí an Údaráis Árachas Sláinte agus d'fhógair sí beoú na Scéime Cothroime Riosca le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Laghdú mór sa leibhéal riosca atá anseo ach leanann an neamhchinnteacht ar aghaidh de bharr roinnt dúshlán dlíthiúil atá tionscnaithe ag iomaitheoir a bhíodh sa mhargadh i gcoinne an chinnidh seo. Má tharlaíonn sé nach mbeofar Cothromú Riosca, tá an-chosúlacht air go dtabhóidh Vhi um Chúram Sláinte caillteanais shuntasacha sa todhchaí. Tá sé tugtha le fios ag an Aire Sláinte agus Leanaí anois go n-éileofar ar Vhi um Chúram Sláinte a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Árachais ón Rialtóir Airgeadais faoi dheireadh 2008. Táthar ag déanamh breithniú faoi láthair ar an méid agus na foinsí féideartha caipitil a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun é seo a bhaint amach.
- riosca gaolmhar le (i) thuas ná an spleáchas le haghaidh brabúsachta ar líon an-bheag scéimeanna grúpa lárnacha a bhfuil próifíl aoise an-óg acu. Laghdóidh tabhairt isteach scéim Cothroime Riosca éifeachtacht an riosca seo go suntasach.

iii. tá teorainneacha tromchúiseacha faoi láthair curtha ar shaoirse tráchtála Vhi um Chúram Sláinte a chuireann faoi mhíbhuntáiste suntasach é i gcomparáid lena iomaitheoirí, mar shampla.

- tá gach athrú táirge/táirge nua faoi réir ag faomhadh an Aire.
- ní mór an tAire a chur ar an eolas faoi arduithe praghas atá molta mí amháin roimh fheidhmiú.
- tá na cineálacha táirgí agus seirbhísí ar féidir le Vhi um Chúram Sláinte iad a thabhairt isteach sa mhargadh teoranta de réir reachta.

Tá bille eisithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí le gairid ina bhfuil, inter alia, forálacha chun fáil réidh leis na srianta tráchtála seo. Ba cheart go gcuirfeadh sé seo deireadh leis an bhfachtóir riosca.

iv. tá brúnna ollmhóra ar chostas chúram sláinte a d'fhéadfadh, trí phréimheanna árachais a dhéanamh níos costasaí, an líon daoine a roghnaíonn árachas sláinte príobháideach sa mhargadh a laghdú.

Áirítear leis na brúnna costais seo:

- méadú an-suntasach i bhfáil acmhainn leapacha príobháideacha, mar gur saintréith den mhargadh um chúram sláinte é go mbeadh borradh ar éileamh chun teacht leis an soláthar.
- daonra atá ag dul in aois.
- forbairt drugaí agus teicneolaíochtaí nua costasacha le haghaidh cóireála agus le haghaidh gnáthamh fáithmheasta.
- daoine a bheith ag súil le níos mó maidir le caighdeán agus le rochtain, mar thoradh ar níos mó saibhris agus níos mó eolais.
- boilsciú leighis ag ardú níos sciobtha ná gnáthbhoilsciú.

Riosca gaolmhar atá ann ná go mbeidh an eispéireas éileamh féin níos mó ná méid iompair na ndlíteanas árachais. D'fhéadfadh sé seo tarlú má tá minicíocht agus/nó costas éileamh níos mó ná sin a bhí measta. Imríonn roinnt fachtóirí tionchar ar mhinicíocht agus ar chostas éileamh lena n-áirítear iad sin ar tagraíodh dóibh thuas. Déantar an costas atá ar éilimh amuigh agus ar chúlchistí riosca neamhéagtha a áireamh trí theicnící cuí achtúireachta a úsáid chun na héilimh a mbeidh an Bord faoi dhlíteanas astu a fhortheilg.

Baineann Vhi um Chúram Sláinte úsáid as roinnt KPI ar fud a chuid gníomhaíochtaí éagsúla agus tá na cinn is suntasaí le feiceáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

8. Acht um Mear-Íocaíocht Cuntais, 1997

Tá an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh áirithe mar cheannaitheoir liostáilte earraí agus seirbhísí sa sceideal don Acht um Mear-Íocaíocht Cuntais, 1997. Aithníonn na Stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha a chinntiú. Is é cleachtas íocaíochta an Bhoird ná a chinntiú go scaoilfear sonraisc d'earraí agus do sheirbhísí atá soláthraithe don Bhord agus atá comhlánaithe i gceart agus aontaithe laistigh den tréimhse íocaíochta atá leagtha síos. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm a thugann cinnteacht réasúnta in aghaidh neamhchomhlíontachta an Achta.

9. Leabhair Chuntais


Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Bord leabhair chuntais chuí agus baineadh é seo amach trí phearsanra cuntasáíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus trí chórais chuntasáíochta chuí a choinneáil. Tá na leabhair chuntais lonnaithe i bpríomhoifig an Bhoird i dTeach Vhi, Sráid na Mainistreach Íochtair, Baile Átha Cliath 1.

10. Iniúcháirí

Leanann na hiniúcháirí Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh de bheith in oifig de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957.



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

14 Meitheamh 2007

1957 1961 1970 1981

Nuair a bhí Peadar 33, bhí fhios aige go raibh a chlann óg sábháilte le Vhi um Chúram Sláinte.

Mar go raibh clann óg aige, tháinig athrú ar riachtanais chlúdach sláinte Pheadair agus a mhná céile. Tairgeann Vhi um Chúram Sláinte raon iomlán seirbhísí atá deartha chun rogha chlúdach cúram sláinte a thairiscint do theaghlaigh mar aon le roghanna tacaíochta ag gach céim d'fhorbairt a gclainne.

Welcom
Baby
Alanna



1986

1990

2007

Sa lá atá inniu ann, teastaíonn rochtain ó theaghlaigh ar eolas faoi shláinte agus stíleanna maireachtála atá iontaofa agus cuimsitheach. Is féidir le baill Vhi um Chúram Sláinte mar sin rochtain a fháil ar cheann de na láithreáin ghréasáin is fearr in Éirinn.

www.vhi.ie - Ceann de na láithreáin ghréasáin chúram sláinte is mó tóir agus is cuimsithí in Éirinn inar féidir le baill de Vhi um Chúram Sláinte rochtain shaor a fháil ar chliclipéid cuimsitheach ar-líne d'eolas sláinte mar aon le réimse seirbhísí eisiacha lena n-áirítear "Cuir ceist ar an saineolaí", ina dtugann saineolaithe ar aclaíocht, aistí bia, strus, sláinte agus caidrimh aghaidh ar fhiosruithe topiciúla. Is féidir le baill freisin rochtain a fháil ar Shiopa Sláinte ar-líne Vhi um Chúram Sláinte ina bhfuil na céadta táirgí ar ardchaighdeán a bhaineann le sláinte lena n-áirítear gabhálais aclaíochta, táirgí don mháthair agus leanbh, leabhair, lionsaí tadhaill agus cláir bhainistíocht sláinte ar-líne. Tá seachadadh saor in aisce ann dóibh siúd uile atá ina mbaill de Vhi um Chúram Sláinte.

Tuarascáil na nIniúcháirí

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Stiúrthóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh don bhliain dár chríoch 28 Feabhra 2007 agus ina bhfuil an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais iomlán aitheanta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid, an ráiteas faoi pholasaithe cuntasaióchta agus na nótaí gaolmhara 1 go 19. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na bpolasaithe cuntasaióchta atá leagtha amach ansin.

Déantar an tuarascáil seo do Stiúrthóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, agus dóibh sin amháin, de réir Alt 19 den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Thugamar faoinár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a rá leis na Stiúrthóirí na nithe sin a n-éilítear orainn iad a rá leo i dtuarascáil iniúchóirí agus ní do chríoch ar bith eile. Don mhéid is mó atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'éinne ach amháin don Bhord agus na Stiúrthóirí mar chomhlacht as ár n-obair iniúchta, an tuarascáil seo, nó as na tuairimí ar thángthamar orthu.

Freagrachtaí an Bhoird agus na Stiúrthóirí Faoi Seach

Tá freagracht ag na Stiúrthóirí as Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, mar atá leagtha amach i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, ullmhú cuntas de réir dhlí infheidhmithe na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasaióchta atá eisithe ag an mBord Caighdeán Cuntasaióchta agus foilsithe ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaióchta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn).

Is í an fhreagracht atá orainn, mar iniúcháirí neamhspleácha, ná na cuntais a iniúchadh de réir riachtanais ábhartha dlíthiúla agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscimid ár dtuairim daoibh faoi cibé go dtugann na cuntais léargas cruinn agus cothrom de réir an chleachtais cuntasaióchta a nglactar leis go forleathan in Éirinn agus ullmhaíodh iad i gceart ag teacht le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

Déanaimid athbhreithniú ar cibé an bhfuil an ráiteas rialachais chorparáidigh ionadaíoch ar chomhlíonadh an Bhoird leis na naoi bhforáil den Chód FRC 2003 a sonraíodh dár n-athbhreithniú agus tuairiscimid mura bhfuil. Ní éilítear orainn teacht ar thuairim ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Bhoird ná ar a rialuithe inmheánacha.

Léimid an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus déanaimid na himpleachtaí dár dtuarascáil a mheas má thugaimid aon mhíríteas dealraitheach nó neamhréireach ábhartha leis na cuntais faoi deara. Is éard atá san fhaisnéis eile ná Tuarascáil na Stiúrthóirí, a bhfuil an ráiteas rialachais chorparáidigh istigh leis, Ráiteas an Chathaoirligh, an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí agus an tábla um Thorthaí Comparáideacha.

An Bunús atá leis an Tuairim Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá ábhartha do na méideanna agus na nochtuithe sna cuntais.

Áirítear leis freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne an Bord agus é ag ullmhú na gcuntas, agus measúnú ar cibé an bhfuil na polasaithe cuntasáíochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtaithe go hoiriúnach.

Phleanálar agus chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích chun an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach a fháil ar mhaithe le leorfhianaise a thabhairt dúinn chun go mbeimis in ann deimhniú réasúnta a thabhairt go bhfuil na cuntais saor ó mhíráiteas nithiúil, bíodh sé de bharr calaoise nó neamhréireach nó botún eile. Agus muid ag teacht ar an tuairim sin, rinneamar measúnú freisin ar dhóthaineacht iomlán na faisnéise a cuireadh i láthair sna cuntais.

Forálacha Eile Teicniúla – An Cúlchiste Riosca Neamhéagtha

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim, bhreithníomar ar na nochtuithe i Nóta 9 de na cuntais a leag amach an bunús ar a bhfuil an fhoráil don riosca neamhéagtha de €64.9m bunaithe agus i Nóta 16 a dhéileálann le sócmhainn teagmhasach a éiríonn as an scéim Cothroime Riosca. Bhreithníomar freisin ar na nochtuithe atá déanta maidir le inmharthanacht airgeadais an Bhoird sa chás nach mbeofar Cothromú Riosca. Ag cur san áireamh a shuntasáí is atá na neamhchinnteachtaí seo agus an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag na neamhchinnteachtaí seo ar an mBord, measaimid gur cheart bhur n-aird a tharraingt ar na nithe seo. Níl maolú ar ár dtuairim maidir leis seo.

Tuairim

Dar linn, tugann na cuntais léargas cruinn agus cothrom, de réir an chleachtais a nglactar leis go ginearálta in Éirinn agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996, ar staid reatha an Bhoird ar an 28 Feabhra 2007 agus ar bharrachas an Bhoird don bhliain dar críoch.

Deloitte & Touche

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

14 Meitheamh 2007

A man with grey hair, wearing a dark suit, a light blue checkered shirt, and a red tie, is shown in profile from the chest up. He is holding a black mobile phone to his ear with his right hand. The background is a blurred outdoor setting with a brick wall and some greenery. A white horizontal line with vertical tick marks is overlaid across the middle of the image, with years placed at the ticks.

1957 1961 1970 1981

Tá gnólacht rathúil á
reáchtáil ag Peadar
anois agus tá os cionn
30 duine fostaithe aige.

Tá Vhi um Chúram Sláinte in ann réimse réiteach chúram
sláinte a chur ar fáil do Pheadar, atá deartha go sonrach chun
a riachtanais mar fhostóir a chomhlíonadh lena n-áirítear:

1986

1990

2007

Réitigh Corparáideacha Vhi: foireann speisialtóirí a chuireann seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil ar réimse saincheisteanna a bhaineann le sláinte agus le leas fostaithe. Ceann de na soláthróirí mór le rá de sheirbhísí comhtháite sábháilteachta agus sláinte ceirde in Éirinn é Réitigh Corparáideacha Vhi, agus é ag cur cláir agus seirbhísí atá mionathraithe ar fáil chun riachtanais cliaint corparáideacha thar réimse leathan tionscail a chomhlíonadh.

Vhi DeCare Dental: réimse pleananna árachais déidliachta, ag tairiscint an t-iliomad tairbhí i gcóir riachtanais chúram béil fostaithe Pheadair. Tá Vhi DeCare Dental deartha chun oibriú i bpáirt leis na tairbhí Stáit atá ann cheana dóibh siúd a bhfuil teidlíochtaí ÁSPC (PRSI) acu agus chun sochar a chur ar fáil freisin dóibh siúd nach bhfuil teidlíochtaí ÁSPC acu.

Seirbhísí Ar-Líne do Ghrúpaí: Tairgeann Vhi um Chúram Sláinte anois raon seirbhísí dár mbail Ghrúpa Corparáideach, lena n-áirítear:

- láithreáin ghréasáin tiomanta a ligeann d'fhostaithe a bpolasaithe a bhainistiú ar-líne, rochtain a fháil ar eolas faoi shláinte agus stíl mhaireachtála agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh saor in aisce agus comórtais.
- tuarascálacha fostóirí.
- réitigh riaracháin ar-líne ceann ar cheann atá curtha in oiriúint chun riachtanais an chomhlachta indibhidiúil a chomhlíonadh.

Polasaithe Cuntasaíochta

Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais) 1996 agus sa Ráiteas ar Chleachtas Molta do Chuntasaíocht i nGnó an Árachais (SORP) arna nglacadh ag an Association of British Insurers.

Is iad seo a leanas na príomhpholasaithe cuntasaíochta a nglactar leo:

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na cuntais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mionathrú ag an athluacháil ar infheistíochtaí. Éilíonn ullmhú na gcuntas de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta go ndéanfar breithiúnas nuair atáthar i bun próiseas polasaithe cuntasaíochta an Bhoird a chur i bhfeidhm. Baineann na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana nó meastacháin ina ndíol suntas do na cuntais, go príomha le forálacha d'éilimh atá le socrú fós agus do rioscaí nach bhfuil éagtha fós, agus tugtar sonraí fúthu sin sna polasaithe cuntasaíochta thíos. Tá na forálacha d'éilimh nach bhfuil socraithe fós agus do rioscaí nach bhfuil éagtha fós bunaithe ar mhodhanna achtúireachta ríofa atá faofa ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Watson Wyatt LLP.

Préimheanna Scríofa

Is éard atá sna hollphréimheanna scríofa ná an t-ioncam préimhe atá infhála ó bhaill i ndáil le polasaithe a thosóidh sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i bpréimheanna neamhtuillte ná an chuid sin de phréimheanna scríofa sa bhliain sin a bhaineann leis an téarma neamhéagtha polasaithe atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe, agus iad ríofa ar bhunús roinnte ama.

Éilimh a Tabhaíodh

Is éard atá in éilimh a tabhaíodh ná éilimh agus speansais ghaolmhara a íocadh sa bhliain agus athruithe i bhforálacha d'éilimh atá le socrú fós, lena n-áirítear forálacha don chostas measta d'éilimh atá tuairiscithe ach nach bhfuil íoctha fós, éilimh atá tarraingthe agus nach bhfuil tuairiscithe fós agus speansais ghaolmhara láimhseála.

Rioscaí Neamhéagtha

Déantar foráil, bunaithe ar eolas atá ar fáil ag dáta an chláir chomhardaithe, d'aon easnaimh frithgheallta mheasta a bhaineann le rioscaí neamhéagtha tar éis brabach ábhartha infheistíochta a chur san áireamh. Déantar boinn tuisceana stuama a mheas ionas gur cheart go mbeadh an fhoráil leordhóthanach i gcúinsí neamh-fhabhracha atá le tuar go réasúnta, féach nóta 9.

Cánachas Iarchurtha

Soláthraítear cánachas iarchurtha ar dhifríochtaí ama idir bharrachas an Bhoird ar féidir cáin a leagan air agus ar bharrachas mar a luaitear é sna cuntais. Déantar na forálacha ag na rátaí cánach atáthar ag súil a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuil na difríochtaí ama ceaptha iompú ar ais. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is go bhfuil sé dóchúil go bhfaighfear ar ais iad.

Sócmhainní Inláimhsithe

Luaitear bunsócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas sa chaoi is go ndíscríobhtar costas na sócmhainní thar a saol úsáideach measta ar bhunús dronlíneach mar seo a leanas:

Mótarfheithiclí	4 bliana
Trealamh agus bogábhar ríomhaireachta	4 bliana
Troscán, feisteas agus trealamh oifige	5 bliana

I gcás caiteachais shubstaintiúil a tharraingítear ar fhorbairt chórais ríomhaireachta agus a mheastar go bhfuil tairbhe eacnamaíoch don Bhord aige a mhairfidh níos mó ná bliain amháin isteach sa todhchaí, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina mbeifear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí eacnamaíocha chun cinn. Tá an tréimhse seo faoi réir ag uasmhéid cheithre bliana. I gcás éiginnteachta maidir lena thairbhe eacnamaíoch sa todhchaí, déantar an caiteachas a chur in aghaidh an chuntais loncaim agus Caiteachais.

Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí in urrúis liostáilte, lena n-áirítear infheistíochtaí i stoic rialtais agus stoic a bhfuil an rialtas mar ráthóir orthu, ag luach an mhargaidh. Is éard atá i luach an mhargaidh ná an praghas margaidh ar an meán lúide ús carntha ag dáta an chláir chomh-ardaithe. Cinntítear gnóthachain/caillteanais réadaithe ar idirbhearta infheistíochta ar bhunús meánchostais agus déantar iad a thaifeadadh sa chuntas loncaim agus Caiteachais.

Déantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh go bliantúil ar bhunús luach an mhargaidh oscailte. Déanann luachóirí neamhspleácha a bhfuil cáilíochtaí proifisiúnta acu na luach-álacha. Coinnítear gach áitreabh atá i seilbh an Bhoird i gcaoi mhaith go leanúnach. Mar sin, measann na stiúrthóirí go bhfuil aon dímheas i saol eacnamaíoch agus luachanna fuilleacha na bhfoirgneamh seo neamhshuntasach agus ní dhéantar foráil dó mar sin.

Ioncam Infheistíochta

Glactar leis go n-áirítear le hús ar stoic úis shocraithe agus ar thaiscí bainc ioncam a thuilltear ar bhunús lá go lá. Áirítear ioncam ó ghnáthscaireanna ar bhunús díbhinní a fhaightear i rith na bliana airgeadais.

Sochar Infheistíochta

Tuairiscítear torthaí oibriúcháin ar bhunús sochar infheistíochta i rith téarma níos faide. Ríomhtar an sochar infheistíochta sa téarma níos faide ar bhunús rátaí a ndéantar ath-bhreithniú orthu go bliantúil agus tugann siad aitheantas don taithí stairiúil agus dó sin a bhfuil na Stiúrthóirí ag súil leis ó thaobh sochair infheistíochta. Déantar an luaineacht i sochar infheistíochta sa ghearrthéarma, atá ionann is an difríocht idir an sochar sa téarma níos faide agus an sochar féin, a chorprú nuair atáthar ag teacht ar an mbarrachas easnamh roimh chánachas.

Tá leithdháileadh an tsochair infheistíochta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar an sochar ar infheistíochtaí sa téarma níos faide atá inchurtha leis an ngnó árachais.

Sochair Scoir

Déantar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus na dlíteanais um phleananna sochar sainmhínithe a chinntiú trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid a bhfuiltear ag súil leis, le luachálacha achtúireachta á ndéanamh ag dáta gach cláir chomhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse reatha, costas úis agus an sochar ar shócmhainní na scéime sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais sa ráiteas gnóthachain agus caillteanais iomlán aitheanta.

Aithnítear costas seirbhíse san am a caitheadh láithreach. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh glan ar an scéim pinsean sochar sainmhínithe, glan de cháin iarchurtha, ar an gclár comhardaithe.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Bord sochair do roinnt daoine atá scortha maidir le clúdach árachais sláinte, nach bhfuil maoinithe. Déantar oibleagáid an Bhoird i ndáil leis na sochair seo a thomhas ag baint úsáide as an modh creidmheasa aonaid a bhfuiltear ag súil leis agus déantar é a lascainiú ag an luach reatha, le luachálacha achtúireachta á ndéanamh ag dáta gach cláir chomhardaithe. Aithnítear méid iomlán oibleagáid an Bhoird ar an gclár comhardaithe agus áirítear an muirear don bhliain sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

AN BHLIAIN DAR CRÍOCH FEABHRA

CUNTAS TEICNIÚIL: ÁRACHAS SLÁINTE

	Nótaí	2007 €'000í	2006 €'000í
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Préimh tuillte:	1		
Ollphréimheanna scríofa		1,087,892	961,499
Athrú san fhoráil do phréimheanna neamhthuillte		(67,816)	(41,935)
		1,020,076	919,564
Sochar infheistíochta leithdháilte aistrithe ón gcuntas neamhtheicniúil		37,446	22,901
		1,057,522	942,465
Éilimh a tabhaíodh:			
Éilimh a íocadh		886,812	843,426
Athrú san fhoráil d'éilimh		43,841	47,136
		930,653	890,562
Forálacha teicniúla eile:			
Cúlchiste riosca neamhéagtha	9	(40,676)	1,317
Speansais oibriúcháin glan	2	82,409	78,520
Iarmhéid ar an gcuntas teicniúil árachais sláinte		85,136	(27,934)

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

CUNTAS NEAMHTHEICNIÚIL: ÁRACHAS SLÁINTE		AN BHLIAIN DAR CRÍOCH FEABHRA	
Gníomhaíochtaí Leanúnacha	Nótaí	2007 €'000í	2006 €'000í
Iarmhéid ar an gcuntas teicniúil árachais sláinte		85,136	(27,934)
Sochar infheistíochta sa téarma níos faide	3	37,446	22,901
Sochar infheistíochta leithdháilte aistrithe go dtí an cuntas teicniúil árachais sláinte		(37,446)	(22,901)
(Easnamh)/barrachas oibriúcháin		85,136	(27,934)
Luaineachtaí gearrthéarmacha i sochar infheistíochta	3	(9,648)	(4,252)
(Easnamh)/barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		75,488	(32,186)
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	4	(5,144)	(144)
(Easnamh)/ barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach tugtha ar aghaidh ag na cúlchistí	5	70,344	(32,330)

D'fhaomh an Bord na cuntais an 14 Meitheamh 2007, agus tá siad sínithe thar a cheann ag:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

Clár Comhardaithe

SÓCMHAINNÍ		AMHAIL AN 28 FEABHRA	
	Nótaí	2007 €'000í	2006 €'000í
Infheistíochtaí			
Talamh agus foirgnimh	6	44,750	40,909
Infheistíochtaí airgeadais eile	7	774,596	699,965
Feichiúnaithe			
Feichiúnaithe ó bhaill ag teacht as oibríochtaí árachais		469,412	409,372
Feichiúnaithe eile		417	1,296
Sócmhainní eile			
Sócmhainní inláimhsithe	8	25,571	18,272
Airgead sa bhanc agus ar láimh		896	221
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe			
Réamhíocaíochtaí		448	174
Ús fabhraithe		9,825	5,455
Sócmhainní iomlán		1,325,915	1,175,664

Clár Comhardaithe

AMHAIL AN 28 FEABHRA			
DLITEANAIS			
	Nótaí	2007 €'000í	2006 €'000í
Cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		291,800	220,220
Forálacha teicniúla			
Foráil do phréimheanna neamhthuillte		533,217	465,401
Éilimh atá le socrú fós		376,339	332,498
Forálacha teicniúla eile	9	64,857	105,533
Cáin iarchurtha	10	1,139	1,528
Creidiúnaithe			
Rótharraingt bainc		6,649	4,149
Creidiúnaithe agus fabhraithe	11	20,128	15,357
Dliteanas Sochar Scoir	19	31,786	30,978
Dliteanais Iomlána		1,325,915	1,175,664

D'fhaomh an Bord na cuntais an 14 Meitheamh 2007, agus tá siad sínithe thar a cheann ag:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

Ráiteas Sreabhadh Airgid

AN BHLIAIN GO DEIREADH FEABHRA

	Nótaí	2007 €'000í	2006 €'000í
Insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	12	87,137	32,573
Aisíoc cánach		–	5,720
Caiteachas caipítíl		(17,157)	(9,144)
		69,980	29,149
Infheistíodh sreabhaidh airgid mar seo a leanas:			
Íslíú i sealúchais airgid		(1,825)	(5,843)
Infheistíocht punainn glan	13 & 15	71,805	34,992
Infheistíocht ghlan de sreabhadh airgid	14	69,980	29,149

Ráiteas de Ghnóthachain agus de Chaillteannais Aitheanta Iomlána

AN BHLIAIN GO DEIREADH FEABHRA

	Nótaí	2007 €'000í	2006 €'000í
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais		70,344	(32,330)
Gnóthachán/(caillteanas) achtúireachta ar an gciste pinsean	19	1,237	(3,269)
Barrachas/(easnamh)/ iomlán a bhaineann leis an mbliain		71,581	(35,599)
Socrú don bhliain roimhe sin		—	(26,106)
Barrachas (easnamh) iomlán atá aitheanta ón tuarascáil bhliantúil dheireannach		71,581	(61,705)

Nótaí Leis na Cuntais

1. Préimh tuillte

Is é árachas sláinte gnó árachais an Bhoird go substaintiúil agus baineann préimh tuillte go príomha leis an aicme seo gnó. Tá na méideanna ó tháirgí tánaisteacha beag. Scríobhtar gach gnó i bPoblacht na hÉireann.

2. Speansais oibriúcháin glana mar atá luaite in athuair	2007 €'000í	2006 €'000í
Speansais riaracháin	66,157	60,229
Costais éadála	16,252	18,291
	82,409	78,520
Is é an meán líon daoine, lena n-áirítear fostaithe páirtaimseartha, fostaithe ag an mBord ná:	2007 837	2006 784
Costais foirne:	2007 €'000í	2006 €'000í
Pá agus tuarastail	40,457	37,408
Costais slándála sóisialaí	4,143	3,862
Sochair scoir	5,965	5,585

Coinnítear an Príomhfheidhmeannach ar bhunús comhairleachta. Tá síneadh curtha leis an tréimhse chúig bliana bunaidh a thosaigh i mí Aibreáin 2001 ar feadh trí bliana eile chomh fada le hAibreán 2009. Ba é €422,000 iomlán na dtáillí a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach agus a áiríodh i speansais oibriúcháin sa bhliain go dtí Feabhra 2007 (Feabhra 2006: €395,000).

3. Sochar infheistíochta

(a) Sochar infheistíochta sa téarma níos faide

Leagtar amach thíos na rátaí infheistíochta atá mar bhunús do ríomh na hinfheistíochta sa téarma níos faide.

	2007	2006
	%	%
Talamh agus foirgnimh	6.1	6.1
Scaireanna agus urrúis eile a bhfuil fáltas athraitheach acu	7.2	7.2
Urrúis fiacha/urrúis úis shocraithe	3.9	3.3
Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	2.0	2.0

(b) Comparáid idir an sochar infheistíochta sa téarma níos faide agus an sochar iarbhair

	2007	2006
	€'000í	€'000í
Sochar iarbhair:		
Ioncam ó thalamh agus foirgnimh	209	105
Ioncam ó infheistíochtaí eile	22,327	20,547
Caillteanais ar réadú infheistíochta	(258)	(6,081)
Gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	6,667	4,914
Speansais bainistíochta infheistíochta	(1,147)	(836)
	27,798	18,649
Sochar infheistíochta sa téarma níos faide	(37,446)	(22,901)
Luaineachtaí gearrthéarmacha	(9,648)	(4,252)

Tá aistriú de mhéid iomlán den sochar infheistíochta sa téarma níos faide déanta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil ar an mbunús go bhfuil cúlchistí an Bhoird níos ísle ná an leibhéal sócmhainneachta ag an imeall atá ag teastáil ón rialtóir agus mar sin meastar go bhfuil na cúlchistí ina n-iomlán ag tacú leis na forálacha teicniúla.

4. Cánachas	2007 €'000í	2006 €'000í
Is éard atá sa mhuirear cánachais sa chuntas ioncaim agus caiteachais ná:		
Cánachas Corparáideach - muirear/(creidmheas)	5,534	(504)
Cánachas iarchurtha - (creidmheas)/muirear	(390)	648
	5,144	144

Fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar an (gcreidmheas)/muirear cánachais reatha don tréimhse

Ríomhtar cáin reatha don tréimhse ag ráta atá éagsúil ón ráta caighdeánach cánach corparáideach in Éirinn de 12.5% (2006: 12.5%).

Mínítear na difríochtaí thíos:	2007 €'000í	2006 €'000í
Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	75,488	(32,186)
Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí iolraithe faoin ráta caighdeánach de cháin chorparáideach de 12.5% (2006, 12.5%)	9,436	(4,023)
Éifeachtaí de		
Speansais atá inbhainte chun críche cánach	(657)	(296)
Caillteanais tugtha ar aghaidh	(3,722)	3,722
Dímheas atá os cionn na liúntas caipitil don tréimhse	487	106
Mionathruithe don mhuirear cánach i ndáil le tréimhsí roimhe sin	(10)	(13)
Muirear/(Creidmheas) reatha cánach don tréimhse	5,534	(504)

5. Barrachas/(easnamh) don bhliain	2007 €'000í	2006 €'000í
Luaitear barrachas/(easnamh) na bliana i ndiaidh na muirear seo:		
Dímheas ar bhunshócmhainní inláimhsithe	9,856	7,755
Íocaíocht an Bhoird	187	122
Íocaíocht na nIníúcháirí		
Táille Iniúchta	147	128
Táillí a bhaineann leis an iniúchadh	71	79
Táillí neamhiniúchta	135	62

6. Infheistíochtaí: talamh agus foirgnimh	2007 €'000í	2006 €'000í
Luacháil:		
Amhail an 1 Márta	40,909	36,700
Diúscairtí	–	(20)
Gnóthachan ar athluacháil	3,841	4,229
Amhail deireadh na bliana	44,750	40,909

Tá an Bord i seilbh na talún agus na bhfoirgneamh atá áirithe thuas dá ghníomhaíochtaí féin agus is i saorsheilbh atá siad go príomha.

Rinneadh luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh an 28 Feabhra 2007 ag luach an mhargaidh oscailte de réir caighdeán breithmheasa agus luachála an Royal Institute of Chartered Surveyors (RICS). Rinne Thornton & Partners, Hamilton Osborne King, DTZ Sherry Fitzgerald agus O'Keeffe Auctioneers na luachálacha seo.

Mura ndearnadh athluacháil ar an talamh agus na foirgnimh seo, bheidís curtha san áireamh ag na méideanna seo a leanas atá ionann is an luach níos ísle de chostas nó de ghlanluach inréadaithe:

	2007 €'000í	2006 €'000í
Costas ar Oscailt	19,545	19,565
Costas ar Dúnadh	19,545	19,545

7. Infheistíochtaí airgeadais eile	2007 Luach Margaidh €'000í	2007 Costas €'000í	2006 Luach Margaidh €'000í	2006 Costas €'000í
Scaireanna agus urrúis eile a bhfuil fáltas athraitheach acu	209,687	205,828	8,591	6,500
Urrúis fiacha/urrúis úis shocraithe	536,269	536,360	549,929	551,516
Infheistíochtaí eile	432	1,205	806	1,142
Íasachtaí urraithe ag morgáistí	45	45	81	81
Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	28,163	28,163	140,558	140,558
	774,596	771,601	699,965	699,797

8. Sócmhainní Inláimhsithe	Mótar fheithiclí	Fearais, troscán & feisteas €'000í	Trealamh/bogábhar ríomhaireachta & trealamh oifige €'000í	Iomlán €'000í
Costas	€'000í			
Amhail 1 Márta 2006	2,103	7,078	52,539	61,720
Breisithe	715	563	15,912	17,190
Diúscairtí	(546)	–	–	(546)
Amhail 28 Feabhra 2007	2,272	7,641	68,451	78,364
Dímheas				
Amhail 1 Márta 2006	(1,439)	(4,141)	(37,868)	(43,448)
Muirear don bhliain	(516)	(981)	(8,359)	(9,856)
Díbrithe i ndáil le diúscairtí	511	–	–	511
Amhail 28 Feabhra 2007	(1,444)	(5,122)	(46,227)	(52,793)
Glanluach leabhar an 28 Feabhra 2007	828	2,519	22,224	25,571
Glanluach leabhar an 28 Feabhra 2006	664	2,937	14,671	18,272

9. Forálacha teicniúla eile

Rinneadh foráil de €64.9m an 28 Feabhra 2007 i ndáil le caillteanais a bhfuiltear ag súil leo ar chonarthaí neamhéagtha agus ar chonarthaí a mbeidh ar an mBord iad a thionscnamh nó iad a athnuachan ag teacht as ceangaltas an Bhoird do leibhéal áirithe d'ardú praghas le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2007 agus arduithe a bhfuiltear ag súil leo sa chostas a bhaineann le sochair um chúram sláinte a sholáthar. Táthar ag súil go dtabhófar na caillteanais sa tréimhse idir Márta 2007 agus Lúnasa 2009. Is ionann an creidmheas de €40.7m agus an t-íslíú san fhoráil ón méid €105.5m a bhí áirithe sa Chlár Comhardaithe an 28 Feabhra 2006.

Tá an meastachán a rinneadh ar na caillteanais seo bunaithe ar shamhail a úsáideann caighdeáin chuí ó chleachtas achtúireachta. Is é an príomh-neamhchinnteacht atá ann ná an méid éileamh a bheidh ann sa todhchaí agus an costas a bheidh acu. I measc na bhfachtóirí atá ag imirt tionchair ar chostais sa todhchaí tá:

- a) fáil ar acmhainn leapacha príobháideacha, mar gurb é saintréith den mhargadh do chúram sláinte ná go mbeidh borradh ar éileamh chun an soláthar a mheaitseáil.
- b) costas leapacha príobháideacha in ospidéal phoiblí, a ndéanann an tAire Sláinte agus Leanaí cinneadh ina leith.
- c) forbairt drugaí agus teicneolaíochtaí nua.
- d) dúshlán dhlíthiúla don scéim Cothroime Riosca.
- e) boilsciú leighis a bheith chun cinn ar ghnáthbhoilsciú.

Is ar an bhfaisnéis margaidh is nuaí agus ar an taithí a bhí ann roimhe seo atá na foshuímh a bhaineann leis na fachtóirí seo bunaithe.

Tá sé dearbhaithe ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Watson Wyatt, gur mheastachán réasúnta ar na caillteanais a bhfuiltear ag súil leo atá i méid na forála seo.

Tugann an cinneadh maidir leis an ardú praghas aitheantas do na fachtóirí atá luaite thuas agus don timpeallacht d'árachas sláinte atá ann faoi láthair.

I Nollaig 2005, bheoigh an tAire Sláinte agus Leanaí an scéim Cothroime Riosca (RES) le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Tá an scéim agus a beoú faoi réir ag imeachtaí dlí. Níor cuireadh san áireamh aon tairbhe a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar bheoú na scéime nuair a bhí an fhoráil á ríomh, agus níor aithníodh méid infhaighte sa Chlár Comhardaithe (féach Nóta 16).

Sa chás nach mbeofar an scéim Cothroime Riosca, tá an-chosúlacht ar an scéal go dtabhóidh Vhi um Chúram Sláinte caillteanais shuntasacha leanúnacha sna blianta atá amach romhainn. Ní chuireann an fhoráil Chúlchiste Riosca Neamhéagtha de €64.9m san áireamh aon chaillteanas thar an 31 Lúnasa 2009. I gcúinsí mar sin, agus má leantar ar aghaidh ag maoiniú an easpa Cothroime Riosca ó chúlchistí Vhi um Chúram Sláinte, thiocfadh suíomh chun cinn ina bhféadfadh sé tarlú nach mbeidh an gnó inmharthanach a thuilleadh.

10. Cánachas Iarchurtha	2007 €'000í	2006 €'000í
Tá foráil déanta i ndáil le cánachas iarchurtha do na difríochtaí ama seo a leanas:		
Gnóthachan neamh-réadaithe ar luacháil infheistíochta	(374)	(21)
Difríochtaí ama eile	(765)	(1,507)
Foráil iomlán	(1,139)	(1,528)
11. Creidiúnaithe agus fabhráithe	2007 €'000í	2006 €'000í
Cáin Chorporáideach	5,017	–
Creidiúnaithe eile	3,503	3,361
Fabhráithe	11,608	11,996
	20,128	15,357
12. Réiteach ar bharrachas/(easnamh) oibriúcháin don ghlan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	2007 €'000í	2006 €'000í
Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	75,488	(32,186)
Muirir dhímheasa	9,856	7,755
Sochair scoir	2,045	1,606
Gnóthachain neamh-réadaithe ar infheistíochtaí	(6,667)	(4,914)
Ardú i bhforálacha teicniúla árachais sláinte	70,981	90,388
Ardú i bhféichiúnaithe ó bhaill ag teacht as oibríochtaí árachais	(60,040)	(34,698)
(Ardú)/íslíú i bhféichiúnaithe agus i réamhíocaíochtaí	(4,280)	812
(Íslíú)/ardú i gcreidiúnaithe agus i bhfabhráithe	(246)	3,810
Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	87,137	32,573

13. Gluaiseacht in infheistíochtaí punainn ar oscailt agus ar dúnadh	2007 €'000í	2006 €'000í
Glan eis-sreabhadh airgid don tréimhse Infheistíochtaí punainn	(1,825) 71,805	(5,843) 34,992
Gluaiseacht ag teacht as sreabhadh airgid Athruithe i luachanna margaidh	69,980 2,826	29,149 686
Gluaiseacht iomlán sa phunann Infheistíochtaí punainn agus airgead ar láimh ag 1 Márta	72,806 696,037	29,835 666,202
Infheistíochtaí punainn agus airgead ar láimh ag 28 Feabhra	768,843	696,037

14. Gluaiseacht in airgead agus in infheistíochtaí punainn

	Ag 1 Márta 2006 €'0000	Sreabhadh airgid €'000í	Athruithe ar luach margaidh €'000í	Ar 28 Feabhra 2007 €'000í
Airgead sa bhanc agus ar láimh Scaireanna agus urrúis eile a bhfuil fáltais athraitheach acu	(3,928)	(1,825)	–	(5,753)
Urrúis fiachais agus urrúis eile ag ús socraithe	8,591	199,327	1,769	209,687
Infheistíochtaí eile	549,929	(15,156)	1,496	536,269
Íasachtaí atá urraithe ag morgáistí	806	65	(439)	432
Taiscí le hinstiúidí creidmheasa	81	(36)	–	45
	140,558	(112,395)	–	28,163
	696,037	69,980	2,826	768,843

15. Anailís ar shreabhadh airgid do na teidil a bhfuil na hiomláin sa ráiteas sreabhadh airgid	2007	2006
	€'000í	€'000í
Infheistíochtaí punainne		
Ceannach scaireanna agus urrús eile a bhfuil fáltas athraitheach acu	204,759	–
Ceannach urrús ar ús socraithe	1,758,960	1,954,275
Ceannach infheistíochtaí eile	65	1,142
Ceannach taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	805,100	767,516
Díol scaireanna agus urrús eile a bhfuil fáltas athraitheach acu	(5,432)	–
Díol urrús ar ús socraithe	(1,774,116)	(2,045,690)
Díol taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	(917,495)	(642,210)
	71,841	35,033
Aisíocaíocht iasachtaí morgáiste	(36)	(41)
Glan eis-sreabhadh airgid ar infheistíochtaí punainne	71,805	34,992

16. Sócmhainn Theagmhasach

Bheoigh an tAire Sláinte agus Leanaí an scéim Cothroime Riosca le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Sa scéim seo, leagann gach soláthróir árachais atá páirteach isteach tuairisceáin don Údarás Árachais Sláinte (HIA) i bhformáid atá forordaithe gach sé mhí agus cuireann an HIA gach gnóthas ar an eolas ina dhiaidh faoi mhéid ar cheart dó cur leis nó a fháil ón gciste Cothroime Riosca.

Tá fógra tugtha ag an HIA don Bhord go mbeadh €18.8m faighte aige ón gciste don tréimhse 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2006. Mar nár cuireadh bailchríoch ar thuairisceáin i ndiaidh na Nollag 2006, ní féidir meastachán réasúnta a dhéanamh ar an méid a bheadh dlite don dá mhí go dtí 28 Feabhra 2007.

Tá an scéim mar aon lena beoú faoi réir ag líon dúshlán dlíthiúil agus mar sin níor cuireadh na suimeanna seo san áireamh.

17. Ceangaltais Chaipitil	2007	2006
	€'000í	€'000í
Caiteachas caipitil a bhfuil conarthaí déanta ina thaobh	–	–
Caiteachas caipitil faofa ach nach bhfuil conarthaí déanta ina thaobh	14,000	10,024

18. Nochtuithe maidir le Páirtithe Gaolmhara

Ní raibh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara ann a éilíonn nochtadh faoin gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 8.

19. Sochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim pinsean sochair shainmhínithe. Coinnítear sócmhainní na scéime i gciste ar leithligh a riarann na hiontaobhaithe. Chomh maith le teidlíochtaí pinsin, soláthraíonn an Bord sochair do dhaoine atá éirithe as i ndáil le clúdach árachais sláinte. Cinntíonn achtúire neamhspleách cáilithe na costais agus na dlíteanais a bhaineann le sochar scoir, trí úsáid a bhaint as an modh maoinithe creidmheasa aonaid a bhfuiltear ag súil leis. Ba ionann na ranníocaíochtaí don scéim agus €3,920,000 (2006: €3,982,000) agus tá siad bunaithe ar 12.2% de phá inphinsin.

Tá na luachanna atá in úsáid sa nochtadh seo bunaithe ar na luachála achtúireachta a rinneadh le gairid ar an 28 Feabhra 2007, agus tá na méideanna curtha i bhfeidhm go hiomlán sna cuntais de réir na riachtanas FRS 17: 'Sochair Scoir'.

Tá na tuarascálacha achtúireachta ar fáil le haghaidh cigireachta ó bhaill na scéime ach ní le haghaidh cigireachta poiblí.

Is iad na boinn tuisceana atá in úsáid maidir leis an scéim pinsean ná:	2007	2006
	%	%
Ráta ardaithe i dtuarastail	4.0	4.0
Ráta ardaithe i bpinsin atá á n-íoc	3.25	3.25
Ráta lascaíne	4.75	4.50
Bonn tuisceana boilscithe	2.25	2.25
Ba iad na rátaí fadtéarmacha a bhfuiltear ag súil leo an 28 Feabhra ná:	2007	2006
	%	%
Gnáthscaireanna	7.2	7.2
Ús socraithe	3.9	3.3
Maoin	6.1	6.1
Eile	2.0	2.0

19. Sochair Scoir (ar lean)

Is iad na sócmhainní sa scéim pinsean ag an luach margaidh ná:

	2007	2006
	€'000í	€'000í
Gnáthscaireanna	90,829	80,687
Ús socraithe	13,323	11,440
Maoín	6,256	5,467
Eile	5,445	3,645
Luach iomlán margaidh sócmhainní	115,853	101,239
Luach reatha dliteanais scéime	(141,518)	(127,872)
Easnamh sa scéim	(25,665)	(26,633)
Foráil do phréimh árachais sláinte nach bhfuil maoinithe	(10,662)	(8,770)
Glan-easnamh sochar scoir	(36,327)	(35,403)
Sócmhainn cánach iarchurtha gaolmhar	4,541	4,425
Glan-dliteanas sochar scoir	(31,786)	(30,978)
Cúlchistí		
Cúlchistí gan dliteanas sochar scoir a bheith san áireamh	323,586	251,198
Dliteanas sochar scoir	(31,786)	(30,978)
Cúlchistí i ndiaidh dliteanas sochar scoir a chur san áireamh	291,800	220,220
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Curtha in aghaidh glan-speansais oibriúcháin		
Costas reatha seirbhíse	(5,460)	(4,484)
Costas um éag le linn seirbhíse	(183)	(172)
Sochair scoir eile	(755)	(653)
	(6,398)	(5,309)
Ús i ndliteanais scéime	(6,303)	(5,420)
Sochar a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní scéime	6,736	5,144
Athrú glan sa toradh oibriúcháin	(5,965)	(5,585)

19. Sochair scoir (ar lean)

Ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta	2007 €'000í	2006 €'000í
Sochar iarbhair lúide sochar a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní na scéime	3,491	13,854
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	(4,676)	(11,560)
Athruithe i mboinn tuisceana déimeagrafacha agus airgeadais	2,307	(6,259)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireachta	1,122	(3,965)
Creidmheas cánach iarchurtha	115	696
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireachta iomlán	1,237	(3,269)

Gluaiseacht sa ghlan-easnamh i rith na bliana

Glan-easnamh sa scéim ag tús na bliana	(30,978)	(26,106)
Costas seirbhíse reatha	(5,460)	(4,484)
Costas um éag le linn seirbhíse	(183)	(172)
Ranníocaíochtaí	3,920	3,982
Ús ar dhliteanais scéime	(6,303)	(5,420)
Sochar a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní na scéime	6,736	5,144
Gnóthachan/ (caillteanas) achtúireachta	1,122	(3,965)
Sochair scoir eile	(755)	(653)
Creidmheas cánach iarchurtha	115	696
Glan-easnamh ag deireadh na bliana	(31,786)	(30,978)

Stair gnóthachain agus caillteanais ó thaithí	2007	2006	2005	2004	2003
Difríocht idir an sochar a bhfuiltear ag súil leis agus an sochar iarbhair ar shócmhainní	3,491	13,854	3,110	8,800	(19,900)
% de shócmhainní scéime	3%	14%	4%	13%	(40%)
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime	(4,676)	(11,560)	2,119	(6,900)	4,500
% de dhliteanais scéime	(3%)	(9%)	2%	(8%)	7%
Caillteanais achtúireachta iomlán	1,237	(3,269)	(2,909)	(8,900)	(22,000)
% de dhliteanais scéime	1%	(3%)	(3%)	(10%)	(35%)

Torthaí Comparáideacha agus Graif

	2003 €'000í	2004 €'000í	2005 €'000í	2006 €'000í	2007 €'000í
Préimh thuillte	687,583	802,992	868,679	919,564	1,020,076
Éilimh tabhaithe	595,169	663,324	752,449	890,562	930,653
Cúlchiste rioscaí neamhéagtha	19,871	15,641	53,424	1,317	(40,676)
Speansais oibriúcháin	58,095	66,322	75,569	78,520	82,409
Sochar infheistíochta	24,684	13,980	16,559	18,649	27,798
Muirear cánachais	5,308	9,379	510	144	5,144
Barrachas/(easnamh) don bhliain	33,824	62,306	3,286	(32,330)	70,344
Barrachas/(easnamh)/Cóimheas Ioncaim	4.9%	7.8%	0.4%	(3.5%)	6.9%
Cúlchistí	215,732	255,026	255,819	220,220	291,800
Sócmhainneacht Reachtúil ar Íosmhéid	120,860	135,053	152,677	175,939	196,051
Cóimheasa Airgeadais	%	%	%	%	%
*Leibhéal imeallach sócmhainneachta	29.3	30.5	28.7	23.2	27.1
Éilimh (lena n-áirítear URR) mar % den phréimh thuillte	89.4	84.6	92.8	97.0	87.2
Speansais oibriúcháin mar % de phréimh thuillte	8.4	8.3	8.7	8.5	8.1

Ríomhtar an tsócmhainneacht íosmhéid mar a léirítear thuas de réir forálacha Rialacháin Neamh-Shaoil an AE 1976, arna leasú, rialacháin nach bhfuil iachall ar Vhi um Chúram Sláinte a chomhlíonadh.

* Tagann na riachtanais sócmhainneachta atá curtha i bhfeidhm ag an Rialtóir Airgeadais faoi dhá theideal:


- (i) Leibhéal imeallach sócmhainneachta: faoi láthair 150% den tsócmhainneacht reachtúil ar íosmhéid, figiúr a bheadh ionann is €294m do Vhi um Chúram Sláinte ag 28 Feabhra 2007.
- (ii) Cóimheas sócmhainneachta: faoi láthair 40% d'ioncam préimhe scríofa, figiúr a bheadh ionann is €435m do Vhi um Chúram Sláinte ag 28 Feabhra 2007. Is í an tuiscint atá againn ná go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar an riachtanas seo faoi láthair.

Beidh riachtanais nua sócmhainneachta i bhfeidhm do Ghnóthais Árachais i ndiaidh tabhairt isteach Treoir nua an AE ar Shócmhainneacht, a dtagraítear dó mar 'Sócmhainneacht II'. Táthar ag súil go gcuirfidh sé seo riachtanais shócmhainneachta i bhfeidhm do Sholáthróirí Árachais Sláinte atá níos ísle ná iad siúd atá ann faoi láthair. Tá an Treoir á forbairt faoi láthair agus níltear ag súil go mbeidh sé réidh agus éifeachtach go dtí 2010 ar a luaithe.

Torthaí Comparáideacha agus Graif


Fás Ballraíochta: Stair 50 Bliain

Tháinig fás ar bhallaíocht iomlán Vhi um Chúram Sláinte go dtí os cionn 1.57 milliún, ár líon ballraíochta is airde riamh. Lean ár bpleananna LifeStage Choices, a seoladh in 2004, ag dul i dtreise agus bhí na pleananna seo ag beagnach 20,000 ball roimh dheireadh na bliana.




Meascán Éileamh

I rith na cúig bliana seo caite, bhí athrú suntasach ann i dtreo cóir leighis i suímh chúram lae in áit suímh chónaitheacha. In 2003, is é an cóimheas a bhí ann ná 62% cúram lae i gcoinne 38% cónaitheach agus in 2007 70% cúram lae a bhí ann i gcomparáid le 30% cónaitheach. Is é an toradh a bhí air seo ná go bhfuil luach ar airgead níos fearr á bhaint amach ar phréimheanna na mball – ag sábháil gnáth-theaghlach a bhfuil Plean B acu thart ar €800 i bpréimheanna le linn na cúig bliana seo caite.




Speansais Oibriúcháin mar % d'Ioncam Tuillte

Thit cóimheas speansais oibriúcháin Vhi um Chúram Sláinte ó 8.5% go 8.1%. I rith na sé bliana seo caite, tháinig titim 30% ar an gcóimheas seo. Faoi láthair, is féidir an cóimheas 8.1% a chur i gcomparáid go fabhrach le meánleibhéal domhanda 12% agus os cionn 13% do roinnt dár n-iomaitheoirí.




Leibhéal Imeallach Sócmhainneachta

Tá cóimheas sócmhainneachta Vhi um Chúram Sláinte fásta ó 23.2% go 27.1%. Fianaise é seo ar an tiomantas a thugamar don Rialtas go luath in 2006 go gcomhlíonfaimis riachtanais shócmhainneachta an Rialtóra Airgeadais roimh 2012. Tá cinneadh déanta ag an Rialtas ó shin go mbainfí amach an sprioc sin roimh dheireadh 2008.



Barrachas/Easnamh mar % de Phréimh Thuillte

Is é an barrachas i ndiaidh cánach a bhí ag Vhi um Chúram Sláinte don bhliain dár críoch Feabhra 2007 ná €70.3 milliún i gcomparáid le heasnamh de €32.3 milliún sa mbliain roimhe sin. Bhí dhá mhír i gceist leis an mbarrachas seo: barrachas oibríochta de €34.7 milliún agus scaoileadh €40.7m (lúide cáin de €5.1m) ón gcúlchiste riosca neamhéagtha. Forbairt dhearfach atá san aisghabháil seo ón staid a bhí ann anuraidh nuair a bhí cailleanas ann.



Gailearaí Imeachtaí

1. Bhí an-éileamh ó leanaí ar fud na hÉireann ar Champaí Cúl Vhi,ampaí samhraidh oifigiúla an CLG, agus d'fhreastail 75,000 orthu le linn an tsamhraidh, an líon is airde riamh. Clár atá comhordaithe ar bhonn náisiúnta atá i gCampaí Cúl Vhi a bhfuil sé mar aidhm acu spreagadh a thabhairt do leanaí scileanna spóirt agus saoil a fhoghlaim agus a fhorbairt trí bheith páirteach i gCluichí Gaelacha, i dtimpeallacht spórtúil neamh-iomaíoch. Sa phictiúr tá Avril Horgan, ar chlé, aois 6, agus Sarah Kinsella, aois 9, agus iad i mbun gnímh le linn na gCampaí Cúl Vhi CLG, Lúnasa 2006.
2. Bhí os cionn 9,000 bean ar na sráideanna in Meán Fómhair 2006 chun páirt a ghlacadh i Mionmharatón na mBan an Evening Echo, a bhí urraithe ag Vhi um Chúram Sláinte. Ba é seo an 25ú bliain den rás bóthair na mban seo is mó cáil i Mumhan agus ar ghnóthaigh lúthchleasaithe clúiteacha cosúil le Sonia O'Sullivan agus Anne Keenan Buckley é cheana. Bailíonn sé airgead atá ag teastáil go géar ar son cúiseanna maithe ar fud an réigiúin.
3. Bhí an-áthas ar Vhi um Chúram Sláinte a bheith ina urra don Tionscnamh Oideachais don Othar is Fearr (catagóir Neamh-chógaseolaíochta) i nDuaiseanna Cógaseolaíochta Chúram Sláinte na hÉireann, toisc go bhfuil ról níos lárnaí ag oideachas othar i dtimpeallacht chúram sláinte in Éirinn. Is é an toradh atá air seo ná go bhfuil tuiscint níos fearr ar choinníollacha mar aon le cumarsáid níos fearr idir lucht leighis agus othair. Sa phictiúr ag Searmanas na nDuaiseanna tá John Church, Arthritis Ireland; an Dr. Bernadette Carr, Stiúrthóir Leighis, Vhi um Chúram Sláinte; agus Paula Guerin, Abbot.
4. In 2006, bhí Vhi um Chúram Sláinte agus The Irish Times ina gcomhpháirtithe sna Duaiseanna do Bhean Spóirt na Bliana. Is í an Duais do Bhean Spóirt na Bliana The Irish Times Vhi an chéad duais den chineál seo in Éirinn atá dírithe go sonrach ar mhná i spórt agus tá sé mar aidhm aici feasacht a chruthú maidir leis an méid atá bainte amach acu agus lena ngnóthaithe. Reáchtáiltear an Duais ar bhonn míosúil agus bronntar an Duais do Bhean Spóirt na Bliana The Irish Times Vhi um Chúram Sláinte ag an eachtra ceannais gach Eanáir. Tá na buaiteoirí míosúla sa phictiúr.
5. D'fhógair an Roinn Oideachais & Eolaíochta sonraí faoi Sheirbhís nua um Chúnamh d'Fhostaithe atá curtha ar fáil ag Vhi Corporate Solutions do mhúinteoirí ar fud na tíre i mí na Samhna 2006. Is í seo an chéad chéim de chlár Sláinte agus Leasa atá á forbairt do mhúinteoirí atá sa tseirbhís seo. Soláthraíonn an tSeirbhís um Chúnamh d'Fhostaithe (EAS) réimse seirbhísí sláinte síceolaíoch do mhúinteoirí. I measc na seirbhísí atá ann tá seisiúin aonair nó comhairleoireacht ghearthéarmach struchtúrtha ar an teileafón, comhairleoireacht ghearthéarmach rúnda duine le duine mar aon le fáisnéisiú i ndiaidh eachtra criticiúla. Sa phictiúr ag seoladh na seirbhíse, tá Mary Hanafin T.D. an tAire Oideachais agus Eolaíochta agus Vincent Sheridan, Príomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte.
6. Bhí Vhi um Chúram Sláinte ina chomhpháirtí ag Cumann Pheil Ghaelach na mBan in 2006 chun urraíocht a dhéanamh ar Chraobhchomórtas Club na hÉireann ar feadh tréimhse tosaigh de dhá bhliain ag an leibhéal sóisir, idirmheánach agus sinsearach. Ceiliúradh 30 bliain den chomórtas in 2006 agus bhí cluichí ceannais Chraobhchomórtas na hÉireann i bPeil na mBan ar siúl i mí na Samhna. Glactar leis gurb é Peil na mBan an spórt is mó do mhná in Éirinn. Tá os cionn 100,000 ball den Chumann in Éirinn agus thar lear in os cionn 1,000 club. Sa phictiúr ag an seoladh ó chlé tá captaen na



1



2



3



4



5



6



7



8



9

foirne a ghnóthaigh an comórtas in 1996, Leona Tector, Shemaliers, Loch Garman, ag cleachtadh smacht ar an liathróid, fad is a bheireann an captaen buacach ó 1977, Josie Briody, Mullahoran, Co. an Chabháin agus 1986, Rita Keenan, the Heath, Co. Laoise, ar Chorn Cuimhneacháin Dolores Tyrell.

7. Reáchtáladh an chéad Chomhdháil ar Sheirbhísí Lean Healthcare in Éirinn i bPáirc an Chrócaigh, a raibh Vhi um Chúram Sláinte mar urra uirthi. Is í an comhdháil seo an chéad deis a bhí ag proifisiúnaithe agus a riarthóirí i gcóras chúram sláinte na hÉireann tuilleadh a fhoghlaim faoin gcóras Lean Healthcare, a bhfuil sé mar aidhm aige éifeachtacht a mhéadú i gcúram sláinte. Sa phictiúr ag an gcomhdháil, tá Joe Aherne, Stiúrthóir Bainistíochta, Seirbhísí Lean Healthcare; an Dr. Bernadette Carr, Stiúrthóir Leighis, Vhi um Chúram Sláinte; agus Jeffrey L. Clothier, Ceann Foirne Cúnta ar an tSeirbhís Sláinte Meabhair, Arkansas, SAM.
8. Bhí Vhi um Chúram Sláinte ar cheann de na hurraitheoirí ar an gComhdháil agus Taispeántas ar Chúram Sláinte Príobháideach 2007. Is é an teideal a bhí air ná "The business of health—improving healthcare" agus thug an chomhdháil deis uathúil do dhíospóireacht agus plé ar

réimse topaicí cosúil le comhpháirtíocht idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha; bainistíocht fheidhmíochta i gcúram sláinte agus áiseanna cúraim do dhaoine níos sine in Éirinn. Sa phictiúr a tógadh ag an ócáid, tá Noel Daly, Stiúrthóir Bainistíochta, the Health Partnership agus Vincent Sheridan, Príomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte.

9. D'oscail an dara áis chúram práinneach siúil isteach, Vhi Swiftcare Clinic i gcomhpháirtíocht leis an Well, i Meitheamh 2006. Tá an dara clinic lonnaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9 agus tá sé suite in áis a tógadh go sonrach lena aghaidh in aice le foirgneamh na Scoile Altranais in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá cóir leighis curtha ar beagnach 40,000 othar sna Clinicí Vhi Swiftcare go dtí an lá atá inniu ann, ag cur cóir leighis ar beagnach 125 othar in aghaidh an lae. Osclófar an tríú Clinic Vhi Swiftcare in Sord i Lúnasa 2007. Sa phictiúr tá baill foirne ó Chlinic Vhi Swiftcare in DCU ag an ócáid oifigiúil chun an clinic a sheoladh.

Ócáid chun 50 bliain de Vhi um Chúram Sláinte a cheiliúradh



Rinne Vhi um Chúram Sláinte ceiliúradh ar caoga bliain i mbliana agus chun an ócáid thábhachtach seo a chomóradh, d'eagraigh sé eachtra fhoirmeálta ag Óstán an Four Seasons, Baile Átha Cliath. I measc na n-aíonna, bhí líon iar-Chathaoirleach agus iar-Phríomhfheidhmeannach de chuid Vhi um Chúram Sláinte chomh maith le baill a chuir tús lena mballraíocht in 1957. Ba í an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, T.D. a bhí ina haoi oinigh ag an ócáid.



1. Helen O'Rourke, Príomhfheidhmeannach, Cumann Pheil Gaelach na mBan, Christy Cooney, Comhalta Boird, Vhi um Chúram Sláinte agus Geraldine Giles, Uachtarán, Cumann Pheil Gaelach na mBan.
2. Vincent Sheridan, Príomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte, agus Tom Ryan, Príomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte 1983-94.
3. An Dr Mary McCaffrey, Uachtarán, IHCA, agus an Dr Bernadette Carr, Stiúrthóir Leighis, Vhi um Chúram Sláinte.
4. Bob Graham, iar-Phríomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte, 1980-82, agus Eileen Graham.
5. Brian Dennis, iar-Chathaoirleach, Vhi um Chúram Sláinte, 1981-86, Derry Hussey, iar-Chathaoirleach, Vhi um Chúram Sláinte, 1997-03, Des Cashell, iar-Chathaoirleach, Vhi um Chúram Sláinte, 1986-91, Bernard Collins, Cathaoirleach, Vhi um Chúram Sláinte, Noel Hanlon, iar-Chathaoirleach, Vhi um Chúram Sláinte, 1991-96.
6. Trevor, Linda, Vera agus Norman Montgomery. Thosaigh Vera agus Norman Montgomery le Vhi um Chúram Sláinte in 1957 agus rugadh a mac Trevor an bhliain chéanna agus thosaigh sé sin le Vhi um Chúram Sláinte freisin. Tá Trevor Montgomery ina Bhainisteoir Forbartha Gnó le Vhi um Chúram Sláinte faoi láthair.
7. Rory agus Philomena O'Gorman. Rugadh Philomena in 1957 agus tá sí ina ball de Vhi um Chúram Sláinte ón uair a saolaíodh í.
8. Vincent Sheridan, Príomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte, Mary Harney T.D., an tAire Sláinte & Leanaí agus Bernard Collins, Cathaoirleach, Vhi um Chúram Sláinte.
9. Maureen agus Mike Walsh, Príomhfheidhmeannach DeCare International.
10. Jo agus Denis Casey, Príomhfheidhmeannach Grúpa Ainmnithe, Irish Life & Permanent plc.

Sonraí na Cuideachta

An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh
Voluntary Health Insurance Board

Corcaigh
Teach Vhi,
70 An Meal Theas
Facs: +353 021 4277901

Baile Átha Cliath
Teach Vhi
Sráid na Mainistreach Íochtarach
Baile Átha Cliath 1
Facs: +353 01 7994091

Dún Laoghaire
35/36 Sráid Sheoirse Íochtarach
Facs: +353 01 6197456

Gaillimh
Teach Vhi
10 An Fhaiche Mhór
Facs: +353 091 564307

Gaoth Dobhair
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Na Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
Facs: +353 074 9531548

Cill Chainnigh
Páirc Ghnó an IDA
Bóthar Átha Cliath
Facs: +353 056 7761741

Luimneach
Teach Gardner,
Cé Charlotte
Facs: +353 061 310361

Oifigí ar oscailt

Luan – Aoine:
9rn–5in

Teileafón

Glaó Sábhála:
1850 444444

Línte oscailte

Luan – Aoine:

8rn – 8in

Satharn:

9rn – 2in

www.vhi.ie

info@vhi.ie

Príomhbhainceoirí

AIB Bank plc
Banc na hÉireann

Iniúcháirí

Deloitte & Touche

Dlíodóirí

McCann Fitzgerald

Achtúirí Comhairleacha

Watson Wyatt LLP

Nótaí